



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 3.10.2024  
COM(2024) 385 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN  
gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA  
AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**maidir le Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú Bheartas Trádála an Aontais**

{SWD(2024) 386 final}

## CLÁR

|             |                                                                                                   |           |
|-------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------|
| <b>I.</b>   | <b>RÉAMHRÁ.....</b>                                                                               | <b>2</b>  |
| <b>I.1</b>  | <b>Achoimre feidhmiúcháin.....</b>                                                                | <b>2</b>  |
| <b>I.2</b>  | <b>Raon feidhme na tuarascála seo .....</b>                                                       | <b>7</b>  |
| <b>II.</b>  | <b>LÁNÚSÁID A BHAINT AS COMHAONTUITHE TRÁDÁLA DÉTHAOBHACHA AN AONTAIS.....</b>                    | <b>8</b>  |
| <b>II.1</b> | <b>Trádáil le comhpháirtithe fabhracha – na príomhfhorbairtí in 2023 .....</b>                    | <b>8</b>  |
| <b>II.2</b> | <b>Cur chun feidhme chomhaontuithe trádála déthaobhacha an Aontais a chur chun cinn</b>           | <b>13</b> |
| <b>III.</b> | <b>CUIDIÚ LE FIONTAIR BHEAGA AGUS MHEÁNMHÉIDE A N-ÁIT A AIMSÍÚ SA TRÁDÁIL DHOMHANDA .....</b>     | <b>21</b> |
| <b>IV.</b>  | <b>AGHAIDH A THABHAIRT AR BHACAINNÍ AGUS RÉITIGH A AIMSÍÚ .....</b>                               | <b>24</b> |
| <b>IV.1</b> | <b>Staid na himeartha agus treochtaí in 2023.....</b>                                             | <b>24</b> |
| <b>IV.2</b> | <b>Forfheidhmiú déthaobhach &amp; iltaobhach na ngealltanais trádála: díospóidí a réiteach...</b> | <b>31</b> |
| <b>IV.3</b> | <b>An Pointe Iontrála Aonair .....</b>                                                            | <b>33</b> |

# I. Réamhrá

## I.1 Achoimre feidhmiúcháin<sup>1</sup>

Leagtar béim mhór sa tuarascáil seo ar **an luach a bhaineann le líonra láidir comhaontuithe trádála an Aontais**. Ag deireadh 2023 bhí 42 chomhaontú trádála fhabhracha i bhfeidhm ag an Aontas le 74 chomhpháirtí<sup>2</sup>, lenar cumhdaíodh EUR 2,3 trilliún nó 45,8 % de thrádáil sheachtrach iomlán an Aontais. Leanann na comhaontuithe de mhargáí a oscailt do ghnólachtaí an Aontais, go háirithe an 680 000 fiontar beag agus meánmhéide (FBManna) atá ag onnmhairiú, rud a chuidíonn leo nascadh le margaí fáis agus iad ag brath san am céanna ar shraith rialacha atá cobhsaí agus níos intuatha.

Tacaíonn **comhaontuithe trádála an Aontais leis an rathúnas** agus leis an bhfás, **rud a chuidíonn le cuideachtaí an Aontais dul in iomaíocht** leis an méadú tapa atá ag teacht ar thríú tíortha eile. Mar shampla, d'fhan sciar an Aontais d'allmhairí na *hÁise*<sup>4</sup> (i.e. comhpháirtithe comhaontuithe saorthrádála, is é sin an tSeapáin, an Chóiré Theas, Vítneam agus Singeapór) cobhsaí ag thart ar 9 %-10 % idir 2008 agus 2022. Os a choinne sin, tháinig laghdú ar sciar an Aontais d'allmhairí tíortha sa réigiún nach bhfuil comhaontú saorthrádála acu leis an Aontas ó 9,6 % in 2008 go 6,5 % in 2022. San *Afraic Fho-Shahárach*, bhí an tAontas in ann a sciar de thart ar 20 % d'allmhairí iomlána comhpháirtithe Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) a chaomhnú le 10 mbliana anuas (i.e. ó tháinig CCEnna i bhfeidhm). Os a choinne sin, tá laghdú 3 % tagtha ar sciar an Aontais d'allmhairí tíortha nach tíortha CCE iad le linn na tréimhse céanna, rud a d'fhág an tAontas sa dara háit i ndiaidh na Síne. I *Meiriceá Laidineach*, tá a sciar den mhargadh á chailleadh ag an Aontas le 25 bliana anuas, ach is léir gur mhaolaigh comhaontuithe saorthrádála an treocht sin. Tá laghdú tagtha ar sciar an Aontais d'allmhairí comhpháirtithe comhaontuithe saorthrádála sa réigiún ó 10 % go 8 %, agus chonacthas laghdú i bhfad níos géire (i.e. ó 35 % go 18 %) le comhpháirtithe nach comhpháirtithe comhaontuithe saorthrádála iad.

Na **ceithre chomhaontú trádála AE is nua-aimseartha** (seachas an ceann leis an Ríocht Aontaithe<sup>3</sup>) atá i bhfeidhm in 2023 (i.e. na comhaontuithe leis an gCóiré Theas, Ceanada, an tSeapáin agus Vítneam), tá siad ag tacú le honnmhairí an Aontais bliain ar bhliain, agus iad ag cur, le linn a saolré, le fás suntasach ar earraí agus ar sheirbhísí ar an iomlán agus le rátaí arda fáis i roinnt de na hearnálacha onnmhairiúcháin is mó:

---

<sup>1</sup> Na sonraí a luaitear sa tuarascáil seo, is ar ríomhanna an Choimisiúin/Ard-Stiúrthóireacht na Trádála de réir Eurostat agus Comtrade atá siad bunaithe, ach amháin i gcás ina léirítear a mhalairt.

<sup>2</sup> Na comhaontuithe trádála sin is iad na 39 gcomhaontú trádála atá i ndoiciméad inmheánach oibre 2024 agus na comhaontuithe trádála le hAndóra, Oileáin Fharó agus San Mairíne. Féach an léarscáil de chomhaontuithe trádála uile an Aontais: <https://circabc.europa.eu/rest/download/0e05d6f3-64f5-4661-ae0c-ae0fb68094d19>

<sup>3</sup> Le haghaidh níos mó sonraí maidir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, féach an tríú tuarascáil cur chun feidhme a foilsíodh an 21.3.2024 COM(2024) 127 final; [Tuarascáil bhliantúil 2023 ar an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe - an Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/economy_finance/tarascail-bhliantuil-2023-ar-an-gComhaontu-Tradala-agus-Comhair-idir-an-tAontas-agus-an-Riocht-Aontaithe-an-Coimisiun-Eorpach-europa.eu)

- Tá fás 7 % in aghaidh na bliana ar an meán tagtha ar onnmhairiú earraí an Aontais chuig *an gCóiré Theas* agus tá fás 127 % tagtha air i gcaitheamh na tréimhse ina hiomláine (2010-2023). Tacaíonn an comhaontú le honnmhairí sna hearnálacha is mó amhail feithiclí inar tháinig méadú 264 % ar onnmhairí an Aontais. Tháinig méadú 200 % ar onnmhairiú sheirbhísí an Aontais idir 2010 agus 2022.
- Tá fás 7 % in aghaidh na bliana ar an meán tagtha ar onnmhairiú earraí an Aontais chuig *Ceanada* agus tá fás 64 % tagtha air i gcaitheamh na tréimhse ina hiomláine (2016-2023). Tacaíonn an comhaontú le honnmhairí sna hearnálacha is mó amhail aerárthaí inar tháinig méadú os cionn 100 % ar onnmhairí an Aontais. Tháinig méadú 62 % ar onnmhairiú sheirbhísí an Aontais idir 2016 agus 2022.
- Tá fás 2 % in aghaidh na bliana ar an meán tagtha ar onnmhairiú earraí an Aontais chuig *an tSeapáin* agus tá fás 11 % tagtha air i gcaitheamh na tréimhse ina hiomláine (2018-2023) agus tháinig fás 26 % ar onnmhairí agraibhia. Tacaíonn an comhaontú le honnmhairí sna hearnálacha is mó amhail innealra leictreach, a raibh fás 28 % aige. Tháinig méadú 30 % ar onnmhairiú sheirbhísí an Aontais idir 2018 agus 2022.
- Tá fás 1 % in aghaidh na bliana ar an meán tagtha ar onnmhairiú earraí an Aontais chuig *Vítneam* agus tá fás 3 % tagtha air i gcaitheamh na tréimhse ina hiomláine (2019-2023), agus tá fás 17 % tagtha ar onnmhairí agraibhia. Tacaíonn an comhaontú le honnmhairí sna hearnálacha is mó amhail an chógaisíocht inar tháinig méadú 48 % ar onnmhairí an Aontais. Tháinig méadú 42 % ar onnmhairiú sheirbhísí an Aontais idir 2019 agus 2022.

Ní féidir comhaontuithe trádála a chur i gcrích ach amháin nuair a urramaíonn tíortha comhpháirtíochta a ngealltanais. Ceithre bliana ó shin, ag tús Choimisiún Von der Leyen, cruthaíodh ról nua mar **Phríomh-Oifigeach Forfheidhmithe Trádála**<sup>4</sup> chun a áirithiú go mbeadh cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach na ngealltanais trádála idirnáisiúnta i gcróilár iarrachtaí an Choimisiúin i gcónaí.

Ó seoladh é i mí na Samhna 2020 tá níos mó ná 130 gearán seachtrach faighte ag an **bPointe Iontrála Aonair** a chuireann ionad ilfhreastail ar fáil trínar féidir ábhair inní a chur in iúl maidir le trádáil, agus fuarthas 28 cinn de na gearán sin in 2023 amháin. Is uirlis lárnach anois é chun saincheisteanna nua a shainaithint, chun an fhaisnéis is gá a bhailiú agus chun obair leantach a áirithiú. I mí na Nollag 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte oibriúcháin athbhreithnithe<sup>5</sup> don Phointe Iontrála Aonair, mar aon le foirmeacha gearáin simplithe ar líne agus treoir phraiticiúil maidir le conas iad a líonadh amach.

<sup>4</sup> Tá faisnéis faoi ról an Phríomh-Oifigigh Forfheidhmithe Trádála le fáil anseo:

[https://policy.trade.ec.europa.eu/enforcement-and-protection/chief-trade-enforcement-officer\\_en](https://policy.trade.ec.europa.eu/enforcement-and-protection/chief-trade-enforcement-officer_en)

<sup>5</sup> Treoirlínte oibriúcháin athbhreithnithe le haghaidh an Phointe Iontrála Aonair: [treoirlínte oibriúcháin.pdf \(europa.eu\)](https://policy.trade.ec.europa.eu/enforcement-and-protection/chief-trade-enforcement-officer_en)

Baineadh torthaí nithiúla amach maidir le **bacainní ar rochtain ar an margadh a chosc nó deireadh a chur leo**, de réir mar a lean an Coimisiún de bheith i dteagmháil le tíortha comhpháirtíochta, agus é ag obair taobh le taobh leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara an Aontais. In 2023, cuireadh deireadh iomlán nó deireadh páirteach le **41 bhacainn ar rochtain ar an margadh in 28 dtír** (féach roinn II.2 B le haghaidh tuilleadh sonraí):

- Mar shampla, rinneadh dul chun cinn maidir le **saincheisteanna siombalacha sláintíochta agus fiteashláintíochta (SFS)**, go háirithe maidir le réigiúnú (*an tSeapáin, an Chóiré Theas, an Araib Shádach*) agus in **earnálacha ardteicneolaíochta** atá ábhartha don aistriú glas (*cumhacht ghaoithe sa tSeapáin*).
- Chuathas i ngleic go rathúil freisin le **bacainní níos tipiciúla** amhail córas seanbhunaithe ceadúnas neamh-uathoibríoch *na hAirgintíne* agus muirir *na Colóime* ar mheasúnuithe riosca ar tháirgí ainmhithe agus plandaí an Aontais.
- Leanadh de na hiarrachtaí chun dlús a chur le hacmhainneacht an Aontais **bacainní a chosc**, rud a chuidigh le déanaí ó thaobh aghaidh a thabhairt ar cheanglais throma maidir le caighdeánú agus deimhniú *sa tSeapáin* agus ar cheanglais idirdhealaitheacha maidir le soláthar poiblí i *bParagua*.

Lean an Coimisiún de bheith ag díriú ar **chur chun feidhme na bhforálacha maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe** a cuimsíodh i 12 cheann dá chomhaontuithe trádála a bhí i bhfeidhm in 2023, le 18 dtír chomhpháirtíochta. Mar thoradh ar rannpháirtíocht rialta sna coistí institiúideacha um thrádáil agus forbairt inbhuanaithe ar bhonn tosaíochtaí comhpháirteacha, rinneadh dul chun cinn ceart ar an láthair agus coinbhinsiúin iltaobhacha á ndaingniú ag tíortha comhpháirtíochta, agus rinneadh bearta chun a gcomhar leis an tsochaí shibhialta a dhaingniú agus chun feabhas a chur ar a gcumas caighdeáin saothair agus chomhshaoil a fhorfheidhmiú (féach samplaí nithiúla i Roinn II.2 C thíos).

Lean an tAontas dá **chomhar le comhpháirtithe trádála** maidir le hábhair leasa choitinn, le tacaíocht ó na comhaontuithe agus ardáin trádála, amhail a *Chomhghuaillíochtaí Glasa* leis an tSeapáin, agus Ceanada nó a Chomhghuaillíocht Ghlas leis an gCóiré Theas maidir leis an athrú aeráide, fuinneamh agus slándáil an tslabhra soláthair. I gcás Ceanada, tugadh faoi deara go ndearnadh dul chun cinn maith maidir le Moladh CETA maidir le Trádáil agus Inscne a chur chun feidhme bunaithe ar phlean oibre tiomnaithe, le malartuithe agus imeachtaí arb é is aidhm dóibh faisnéis a chomhroinnt faoi bheartais, dlíthe agus dea-chleachtais maidir le raon saincheisteanna, go háirithe maidir le caighdeáin atá ábhartha ó thaobh inscne de a fhorbairt.

Maidir le comhar teicniúil i leith na trádála agus na forbartha inbhuanaithe, i mí an Mhárta 2024, **d'fhoilsigh an Coimisiún liosta de ghníomhaíochtaí comhair** a comhaontaíodh **le Peiriú chun a áirithiú go n-urramófar cearta saothar agus go gcloífear leo** sa tír sin i gcomhréir le sé thosaíocht a sainíodh go comhpháirteach. Cuirfear na gníomhaíochtaí comhair chun feidhme sna blianta beaga atá amach romhainn agus tacófar leo le clár fairsing teicniúil

agus airgeadais de chuid an Aontais. Tháinig **an tAontas agus an Cholóim ar chomhaontú maidir le réimsí tosaíochta** ar cheart obair orthu d'fhonn clár comhair theicniúil a bhunú.

I mí an Mhárta 2024, fuair an Pointe Iontrála Aonair an dara gearán foirmiúil maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe, gearán a bhain le cearta saothair agus comhshaoil i Vítneam.

Mar a léirítear sa tuarascáil, tá ról tábhachtach ag **eagraíochtaí na sochaí sibhialta** i gcur chun feidhme comhaontuithe trádála, go háirithe ó thaobh forálacha trádála agus inbhuanaitheachta de. Cuireann na **grúpaí comhairleacha baile**, atá ann cheana faoi na 12 chomhaontú trádála, feabhas ar ár dtuiscint ar an staid mar atá ar an láthair agus ar bhealaí féideartha chun í a fheabhsú. Ag an gceathrú cruinniú de Ghrúpaí Comhairleacha Baile an Aontais, a d'eagraigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 18 Aibreán 2024, tugadh le chéile níos mó ná 200 comhalta de Ghrúpaí Comhairleacha Baile an Aontais chun tuairimí a mhalartú le hoifigigh shinsearacha an Choimisiúin agus chun tairbhe a bhaint as taithí phraiticiúil a chéile.

Cé nár sheol an tAontas aon díospóid trádála nua in 2023, thionscain an Coimisiún díospóid dhéthaobhach in aghaidh **na hAilgéire** i mí an Mheithimh 2024 maidir le srianta a dhéanann difear d'onnmhairí an Aontais agus sheol sé díospóid de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) in aghaidh **na Téaváine** maidir leis an úsáid a bhaineann an Téaváin as critéir maidir le hábhar áitiúil le haghaidh tionscadail fuinnimh gaoithe amach ón gcósta (DS625, *an Téaváin – gaoth amach ón gcósta*).

Bhí an Coimisiún gníomhach freisin chun **torthaí éifeachtacha a áirithiú i ndíospóidí leanúnacha** as ar tháinig cinneadh i bhfabhar an Aontais laistigh de chóras EDT. Mar shampla, i gcás ina gcuireann comhpháirtithe trádála bac ar phróiseas an bhreithnithe nó i gcás nach gcuireann siad tuarascálacha painéil chun feidhme, tá an Coimisiún réidh chun a **bhearta uathrialacha** neartaithe a úsáid chun leasanna na hEorpa a chosaint.

- In 2023, ghlac an Coimisiún an chéad chéim i dtreo úsáid a bhaint as an **Rialachán maidir le Forfheidhmiú** in aghaidh *na hIndinése* tar éis don tír sin achomharc a dhéanamh in aghaidh an rialaithe ón bpainéal os comhair an Bhuanachomhlacht Achomhairc neamhfheidhmiúil de chuid EDT ('achomharc a chur isteach san fholús') agus, tríd an méid sin a dhéanamh, bac a chur ar an bpróis chuí (féach DS592; *An Indinéis – srianta ar onnmhairiú méine nicile*). I mí na Nollag 2023, chuir *an India* achomharc 'isteach san fholús' i gcoinne rialú an phainéil in DS582 (*an India – taraifí ar tháirgí TFC*). Bhí an rialú sin i bhfabhar an Aontais toisc gur dheimhnigh sé neamhdhleathacht tharaifí na hIndia ar tháirgí TFC.
- An 31 Bealtaine 2024, sheol an tAontas **imeachtaí comhlíontachta** in aghaidh *na Colóime* in DS591 (*An Cholóim - sceallóga reoite*) ó tharla nár chomhlíon an Cholóim an cinneadh a rinneadh i mí na Nollag 2022 faoi chuimsiú an Chomhshocraithe Ilpháirtí maidir le headráin eatramhach achomhairc. Bhí na torthaí i bhfabhar an Choimisiúin agus fuarthas amach go raibh rialacha EDT á sárú ag bearta

frithdhumpála na Colóime a forchuireadh ar sceallóga reoite ón mBeilg, ón nGearmáin agus ón Ísiltír.

- An 28 Aibreán 2023, sheol an tAontas **imeachtaí comhlíontachta** in aghaidh na *Stát Aontaithe* in DS577 (*na Stáit Aontaithe - ológa aibí*) ó tharla nár chomhlíon sé rialú EDT an 19 Samhain 2021 i ndáil le dleachtanna frithchúitimh ar allmhairí ológa aibí ón Spáinn. An 19 Márta 2024, ghlac Comhlacht EDT um Réiteach Díospóidí an tuarascáil ó phainéal comhlíontachta EDT, lenar deimhníodh maíomh an Aontais nár chomhlíon na Stáit Aontaithe rialú EDT go hiomlán.

Ní féidir le comhaontuithe trádála a bheith go hiomlán éifeachtach ach amháin má tá páirtithe leasmhara ar an eolas faoina dtairbhí. Dá bhrí sin, lean an Coimisiún dá iarrachtaí **buntáistí na gcomhaontuithe trádála a chur chun cinn**, go háirithe na comhaontuithe sin a tháinig i bhfeidhm in 2024, is é sin an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus an Nua-Shéalainn (atá i bhfeidhm ón 1 Bealtaine) agus an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an Chéinia (atá i bhfeidhm ón 1 Iúil), ach freisin an comhaontú nuachóirithe idir an tAontas agus an tSile, a mheastar a thiocfaidh i bhfeidhm ag tús 2025. Tá sé sin á dhéanamh i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le gnólachtaí, agus béim á leagan ar FBManna. Tá príomhthairseach thrádála an Choimisiúin, **Access2Markets**, i gcroílár na n-iarrachtaí sin i gcónaí. Bhí os cionn ocht milliún cuairteoir ar an tairseach ó seoladh í i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus cuireadh oiliúint ar níos mó ná 11 000 FBM chun í a úsáid. Is léir go bhfuil imeachtaí Lá na Rochtana ar an Margadh a reáchtáladh i níos mó ná dosaen Ballstát ina bpríomhdheis don Phríomh-Oifigigh Forfheidhmithe Trádála agus d'oifigigh shinsearacha an Choimisiúin feasacht a mhúscailt maidir le comhaontuithe trádála an Aontais agus bualadh le gnólachtaí beaga ó réigiúin agus earnálacha éagsúla.

Tá an **comhar leis na Ballstáit** maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú agus maidir le bealaí chun feabhas a chur ar obair chomhpháirteach ina ábhar plé arís agus arís eile ar an leibhéal teicniúil agus ar an leibhéal polaitiúil. Áirítear leis sin feabhas a chur ar mhodhanna oibre Thoscaireachtaí an Aontais agus chomhairleoirí trádála na mBallstát atá ag obair le chéile thar lear, mar shampla agus faireachán á dhéanamh ar fhorbairtí rialála sa tír óstach. Tá uirlisí nua á dtástáil ag an gCoimisiún faoi láthair chun tacú le sreafaí faisnéise níos fearr agus chun a áirithiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag oifigigh an Aontais agus na mBallstát araon ar an méid a mbeifí ag súil leis óna chéile. Pléann an Coiste um an mBeartas Trádála<sup>6</sup> go tréimhsiúil staid na himeartha maidir le clár oibre an Aontais le haghaidh cur chun feidhme agus forfheidhmiú, na straitéisí a úsáidtear agus na tosaíochtaí a shocraítear.

---

<sup>6</sup> <https://www.consilium.europa.eu/ga/council-eu/preparatory-bodies/trade-policy-committee/>

## I.2 Raon feidhme na tuarascála seo

Is í seo an ceathrú **tuarascáil bhliantúil** chomhdhlúite<sup>7</sup> maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú gealltanais trádála a chumhdaítear le comhaontuithe trádála fabhracha déthaobhacha agus leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Soláthraíonn sí forbhreathnú ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhrudaí a baineadh amach, faoi stiúir Phríomh-Oifigeach Forfheidhmithe Trádála an Choimisiúin in 2023 agus sna chéad mhíonna de 2024.

Sa **doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an tuarascáil**<sup>8</sup> tá faisnéis bhreise lena gcomhlánaítear Roinn II.2 den tuarascáil maidir le 39 gcinn de na mórchomhaontuithe fabhracha déthaobhacha de chuid an Aontais.

Tá faisnéis ar **shuíomh gréasáin an Choimisiúin**<sup>9</sup> atá comhlántach leis an tuarascáil seo maidir le: (i) éabhlóid thrádáil an Aontais le comhpháirtithe fabhracha in 2023; (ii) an úsáid a bhaineann onnmhairí agus allmhairí an Aontais as fabhair tharaife in aghaidh an chomhpháirtí trádála fhabhraigh, i gcás an Aontais agus i gcás na mBallstát araon; agus (iii) rátaí líonta na dtaraif-chuótaí.

Cé go ndíríonn an tuarascáil seo ar an gcur chun feidhme agus ar an bhforfheidhmiú faoi chomhaontuithe trádála an Aontais, ba cheart breathnú uirthi i gcomhthéacs níos leithne na slándála eacnamaíche agus na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin i réimsí sonracha freisin, **ar a dtuairiscíonn an Coimisiún ar leithligh**, is é sin:

- úsáid **ionstraimí cosanta trádála** (frithdhumpáil, frith-fhóirdheontais agus coimircí), a chumhdaítear le tuarascálacha bliantúla an Choimisiúin maidir le cosaint trádála<sup>10</sup>;
- faireachán agus dul i ngleic le góchumadh, píoráideacht agus sáruithe eile ar **chearta maoine intleachtúla** (CMI), a chumhdaítear sa Tuarascáil maidir le CMI<sup>11</sup> agus an

---

<sup>7</sup> Foilsíodh an tríú tuarascáil an 15 Samhain 2023 agus tá sí le fáil anseo: [Clár Dhoiciméid an Choimisiúin - COM\(2023\)740 \(europa.eu\)](#)

<sup>8</sup> Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin: Bileoga eolais aonair maidir le cur chun feidhme Chomhaontuithe Trádála an Aontais; SWD(2024) 386: [Contact support \(europa.eu\)](#)

<sup>9</sup> An Coimisiún/Ard-Stiúrthóireacht na Trádála; leathanach maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú: [Comhaontuithe Trádála an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú- An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](#)

<sup>10</sup> An 42ú tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cosaint trádála: [Clár Dhoiciméid an Choimisiúin - COM\(2024\)413 \(europa.eu\)](#), [Clár Dhoiciméid an Choimisiúin - SWD\(2024\)221 \(europa.eu\)](#)

<sup>11</sup> Foilsíodh an tuarascáil is déanaí ar chosaint agus forfheidhmiú cearta maoine intleachtúla (CMI) i dtríú tíortha an 17 Bealtaine 2023 agus tá sí le fáil anseo: [https://policy.trade.ec.europa.eu/news/commission-releases-its-report-intellectual-property-rights-third-countries-2023-05-17\\_ga](https://policy.trade.ec.europa.eu/news/commission-releases-its-report-intellectual-property-rights-third-countries-2023-05-17_ga)

Liosta Faire ar Phíoráideacht a fhoilsíonn an Coimisiún gach ré bliain ar bhonn sealaíochta<sup>12</sup>;

- **an scagadh ar infheistíochtaí díreacha coigríche (IDC) agus rialú na n-onnmhairí dé-úsáide**, arb iad sin rialuithe straitéiseacha trádála agus infheistíochta an Aontais ar mhaithe leis an tslándáil, cumhdaítear iad le tuarascálacha bliantúla an Choimisiúin maidir le scagadh IDC<sup>13</sup> agus Rialachán maidir le Rialú Onnmhairí (AE) 2021/821<sup>14</sup>;
- cur i bhfeidhm chóras **Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife de chuid an Aontais (GSP)**<sup>15</sup>, a chumhdaítear le tuarascálacha GSP an Choimisiúin.

Ina theannta sin, tá tuarascálacha bliantúla ar leithligh le hullmhú maidir le cur i bhfeidhm an **Rialacháin maidir le Fóirdheontais Eachtracha**<sup>16</sup> agus **na hIonstraime Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta**<sup>17</sup>.

## **II. Lánúsáid a bhaint as comhaontuithe trádála déthaobhacha an Aontais**

### **II.1 Trádáil le comhpháirtithe fabhracha – na príomhfhorbairtí in 2023**

#### *Éascaíonn comhaontuithe trádála an Aontais trádáil Eorpach in earraí agus seirbhísí*

Ag deireadh 2023, bhí 42 chomhaontú trádála fhabhracha i bhfeidhm ag an Aontas le 74 chomhpháirtí fhabhracha, a raibh 45,8 % de thrádáil sheachtrach iomlán an Aontais i gceist leo. Dá gcuirfí leis sin comhaontuithe a bhí le glacadh nó le daingniú fós in 2023 (3,7 %) <sup>18</sup>, rachadh cion na trádála fabhraí de chuid an Aontais in airde go dtí beagnach 50 %.

---

<sup>12</sup> Foilsíodh an Liosta Faire deireanach ar Ghóchumadh agus ar Phíoráideacht an 1 Nollaig 2022 agus tá sí le fáil anseo: [https://policy.trade.ec.europa.eu/news/commission-publishes-latest-counterfeit-and-piracy-watch-list-2022-12-01\\_ga](https://policy.trade.ec.europa.eu/news/commission-publishes-latest-counterfeit-and-piracy-watch-list-2022-12-01_ga)

<sup>13</sup> An Tríú Tuarascáil Bhliantúil maidir le scagadh ar infheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas agus doiciméad inmheánach oibre an 19 Deireadh Fómhair 2023:

[https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=COM\(2023\)590&lang=ga](https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=COM(2023)590&lang=ga)

<sup>14</sup> Nuashonrú staitistiúil ar rialú onnmhairí dé-úsáide an 19 Deireadh Fómhair 2023 (SWD(2023) 341 final): <https://circabc.europa.eu/ui/group/654251c7-f897-4098-afc3-6eb39477797e/library/d45b2bfc-7029-412a-aa1e-b59ac87433f8/details>


<sup>15</sup> An tuarascáil dheireanach maidir le cur i bhfeidhm rialachán GSP: JOIN(2023) 34; [Clár Dhoiciméid an Choimisiúin - JOIN\(2023\)34 \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/choimisuiun-join/2023/34_ga)

<sup>16</sup> Féach IO L 330 an 23 Nollaig 2022, Airteagal 52 (tá an chéad tuarascáil le foilsiú in 2026); <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/ga/TXT/PDF/?uri=CELEX:32022R2560>

<sup>17</sup> Féach IO L 173 an 30 Meitheamh 2022, Airteagal 13 (tá an chéad tuarascáil le foilsiú in 2025); <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/ga/TXT/PDF/?uri=CELEX:32022R1031>

<sup>18</sup> In 2023, sa bhreis ar na comhpháirtithe Mercosur (an Airgintín, an Bhrasaíl, Paragua agus Uragua) ba iad sin: An Nua-Shéalainn, an Chéinia, Beinin, Buircíne Fasó, an Bhurúin, Cabo Verde, an Ghaimbia, an Ghuine, Guine Bissau, Háití, Poblacht na Círgise, an Libéir, Mailí, an Mháratáin, an Nígir, Poblacht Ruanda, an tSeineagáil, Siarra Leon, an Tansáin, Tóga, Uganda agus Úisbéiceastáin, féach: <https://policy.trade.ec.europa.eu/eu-trade->

**Fíor 1: Trádáil sheachtrach an Aontais (2023)**



Foinse: Eurostat Comext

Ba iad na comhpháirtithe fabhracha is mó ag an Aontas fós iad an Ríocht Aontaithe (22,1 % de thrádáil an Aontais le comhpháirtithe fabhracha), agus ina dhiaidh sin an Eilvéis (14,1 %), an Tuirc (8,9 %), an Iorua (7,8 %) agus an tSeapáin (5,8 %). In éineacht le chéile, is leis na cúig chomhpháirtí sin a bhain beagnach 60 % de thrádáil fhabhrach an Aontais in 2023.

In 2023, tháinig laghdú 9,0 % (-16,3 % i gcás allmhairí agus -0,6 % i gcás onnmhairí) ar thrádáil iomlán luacha an Aontais. Bhí roinnt tosca le chéile ina gcúis leis sin. Ar an gcéad dul síos, tháinig laghdú ar phraghsanna fuinnimh agus amhábhar in 2023, tar éis an leibhéil is airde riamh a taifeadadh in 2022. Ina theannta sin, tharraing an t-éileamh ar earraí tomhaltais siar san ionchas iar-phaindéime, agus coinníodh siar caiteachas infheistíochta ag gnólachtaí mar gheall ar choinníollacha dochta maoinithe. Ar deireadh, bhí tionchar ag saobhadh trádála a bhí ag dul i méid agus ilroinnt gheo-eacnamaíoch ar leibhéal na trádála domhanda agus tá sé fós amhlaidh. Mar sin féin, tháinig laghdú níos lú ar thrádáil an Aontais le comhpháirtithe fabhracha (-4,5 %, ó thaobh luacha de idir 2022 agus 2023) ná mar a tháinig ar thrádáil le comhpháirtithe neamhfhabhracha (-12,5 %).


Mar a léirítear i bhfíor 2 thíos, tháinig laghdú 4,5 % ar an trádáil bhliantúil le comhpháirtithe fabhracha le linn na tréimhse tuairiscithe, níos lú ná an trádáil leis na comhpháirtithe agus leis

---

[relationships-country-and-region/negotiations-and-agreements\\_ga](#) Tháinig an Comhaontú Saorthrádála leis an Nua-Shéalainn i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2024 agus tháinig an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche leis an gCéinia i bhfeidhm an 1 Iúil.

na comhpháirtithe neamh-CST leo, ar tháinig laghdú 9 % agus 12,5 % orthu faoi seach. Tháinig méadú 1,2 % ar onnmhairí chuig comhpháirtithe fabhracha, agus tháinig laghdú 0,6 % agus 2,2 % ar onnmhairí chuig na comhpháirtithe uile agus chuig na comhpháirtithe neamh-CST uile, faoi seach.

## Fíor 2: Fás bliantúil thrádáil earraí an Aontais de réir an chineáil comhpháirtí (2022-2023)



Foinse: Eurostat Comext

## Rannchuidíonn comhaontuithe trádála an Aontais ó thaobh seasamh an Aontais mar onnmhaireoir táirgí agraibhia, arb é an t-aon onnmhaireoir amháin é, a dhaingniú

Leanann líonra leathan comhaontuithe trádála an Aontais de bheith ag cur le dea-fheidhmíocht onnmhairithe agraibhia an Aontais.

Idir 2022 agus 2023, tháinig méadú 2,3 % ar **onnmhairí agraibhia** chuig comhpháirtithe fabhracha, agus tháinig laghdú 3,5 % ar onnmhairíú táirgí bia talmhaíochta an Aontais chuig comhpháirtithe neamh-CST.

Ba í **an Ríocht Aontaithe** an ceann scríbe ba mhó i bhfad fós d'onnmhairí agraibhia an Aontais i measc na gcomhpháirtithe fabhracha agus ar an iomlán, agus ba ann a ndeachaigh aon chúigiú (22 %) de mhéid iomlán onnmhairí an Aontais. Don dara bliain as a chéile, in 2023 ba í an Ríocht Aontaithe an ceann scríbe inar tháinig an fás ba láidre i ndearbhtéarmaí ar onnmhairí an Aontais (i.e. +EUR 3,4 billiún de réir luacha, nó +7 %), ach cláraíodh an méadú ba mhó i dtéarmaí coibhneasta don Úcráin (+18 %) agus don Tuirc (+16 %). Ba iad na Stáit Aontaithe an dara ceann scríbe ba mhó fós le haghaidh táirgí agraibhia an Aontais ar an iomlán (12 %), i ndiaidh na Ríochta Aontaithe, agus ina dhiaidh sin bhí an tSín (6 %) agus an Eilvéis (5 %).

Tháinig méadú EUR 1,3 billiún (+40 %) ar onnmhairí agraibhia an Aontais chuig **Ceanada** idir 2017 agus 2023, tháinig méadú EUR 1,6 billiún (+25 %) ar onnmhairí chuig an tSeapáin ó 2019 i leith, agus tháinig méadú os cionn 300 milliún (+33 %) ar onnmhairí chuig Vítneam ó 2020.

Is féidir forbairtí dearfacha a thabhairt faoi deara freisin **ar thaobh na n-allmhairí**. Théarnaigh onnmhairí agraibhia AE ón Ríocht Aontaithe (an príomh-mhargadh foinse) toisc go bhfuil taithí anois ag trádálaithe na Ríochta Aontaithe ar na seiceálacha agus cigireachtaí ar shláinte plandaí agus ainmhithe a chuireann an tAontas i bhfeidhm, lena n-áirítear ar choinsíneachtaí agraibhia, ó mhí Eanáir 2021. D'athdhearbhaigh an Úcráin a seasamh mar an tríú foinse is mó d'allmhairí agraibhia an Aontais agus an dara foinse is mó i measc comhpháirtithe fabhracha (agus 7 % d'allmhairí aici), cé gur tháinig laghdú 10,3 % ar luach

na n-allmhairí i gcomparáid le 2022, go príomha mar gheall ar an laghdú ar phraghsanna gránach agus olashíolta.

### ***Rinne an Coimisiún faireachán arís in 2023 ar allmhairí táirgí tionsclaíocha agus táirgí agraibhia áirithe isteach san Aontas***

*Rinne an Coimisiún, mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 511/2011<sup>12</sup>, faireachán ar allmhairí príomhpháirteanna agus leictreonaic gluaisteán isteach sa Chóiré Theas ó na soláthróirí is tábhachtaí aici lasmuigh den Aontas. Tháinig méadú suntasach ar allmhairí dhá phríomhpháirt de charranna isteach sa Chóiré Theas in 2023 i gcomparáid le 2022, mar atá allmhairí inneall dócháin gásailín (+225,1 %, ó Mheicsiceo go príomha), agus ceallraí ian litiam (+48,6 %, ón tSín go príomha). Mar sin féin, níorbh fhéidir aon nasc a bhunú idir ceadú na haisíocaíochta dleachta faoin gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus an Chóiré Theas agus an méadú 10 % ar allmhairí gluaisteán gásailín dócháin isteach san Aontas agus méadú 75 % ar allmhairí gluaisteán leictreach ón gChóiré Theas. Téann ceallraí ian litiam na Síne isteach sa Chóiré Theas agus é saor ó dhleacht faoin gComhaontú Saorthrádála idir an tSín agus an Chóiré Theas.*

*Rinne an Coimisiún faireachán freisin ar allmhairí **bananaí úra ón gColóim, ó Eacuadór agus ó Pheiriú agus ó Mheiriceá Láir** isteach san Aontas, mar a cheanglaítear le Rialachán Uimh. 19/2013<sup>13</sup> agus Uimh. 20/2013<sup>14</sup> ón Aontas. In 2023, tháinig laghdú 2,4 % agus 0,2 % faoi seach ar allmhairí bananaí úra isteach san Aontas ón gColóim agus ó Pheiriú, agus tháinig méadú 11,3 % ar allmhairí ó Eacuadór i gcomparáid le 2022. Leanfaidh an Coimisiún dá anailís thráthrialta a dhéanamh ar staid an mhargaidh agus ar tháirgeoirí bananaí an Aontais agus, más gá, scrúdóidh sé an staid in éineacht leis na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara.*

### ***Tháinig méadú ar an trádáil i seirbhísí agus bhí barrachas ag an Aontas ó thrádáil le comhpháirtithe fabhracha agus leis an gcuid eile den domhan freisin***

Shroich trádáil i seirbhísí an Aontais le comhpháirtithe fabhracha EUR 1,2 trilliún in 2022 (na figiúirí is déanaí atá ar fáil), méid a raibh 48 % de thrádáil uile an Aontais i seirbhísí (EUR 2,5 trilliún) i gceist leis. Tháinig méadú níos tapúla ar thrádáil seirbhísí an Aontais le comhpháirtithe fabhracha idir 2021 agus 2022 ná le comhpháirtithe neamh-CST (+27 % i gcomparáid le +20 %). Tháinig méadú EUR 65 bhilliún ar chomhardú trádála iomlán an Aontais i seirbhísí in 2022 i gcomparáid le 2021, agus bhain EUR 52 bhilliún de sin le trádáil le páirtithe fabhracha.

Ag an 13ú Comhdháil Aireachta (MC13) in Abú Daibí an 27 Feabhra 2024, fógraíodh teacht i bhfeidhm an **Rialacháin Intíre Seirbhísí**<sup>19</sup> nua. Rinneadh an rialachán sin a chaibidliú ag EDT i suíomh ilpháirtithe, agus an tAontas ar thús cadhnaíochta. Déanfaidh na rialacha nua trádáil seirbhísí a éascú agus a shimplí trí cheanglais údarúcháin a chuíchóiriú agus na bacainní nós imeachta atá roimh ghnólachtaí ar fud an domhain a laghdú, go háirithe i gcás

<sup>19</sup> [https://www.wto.org/english/tratop\\_e/serv\\_e/jsdomreg\\_e.htm](https://www.wto.org/english/tratop_e/serv_e/jsdomreg_e.htm)

micrifhiontar agus fiontair bheaga agus mheánmhéide. Cuirfidh grúpa mór éagsúil de thart ar 70 Ball den Eagraíocht Dhomhanda Trádála i bhfeidhm iad, méid a bhfuil 92 % den thrádáil seirbhísí dhomhanda i gceist leo. Cuideoidh an comhaontú ó thaobh laghdú níos mó ná EUR 120 billiún in aghaidh na bliana a dhéanamh ar chostais na trádála seirbhísí domhanda.

### ***Cuireann comhaontuithe trádála feabhas ar an rochtain ar sholáthar***

Tá forálacha ceangailteacha maidir le soláthar poiblí ag comhaontuithe trádála idir an tAontas agus na comhpháirtithe seo a leanas: Ceanada, Fóram Mhuir Chairib (CARIFORUM), an tSile, an Cholóim, Peiriú, Eacuadór, tíortha Mheiriceá Láir, an Chóiré Theas, an tSeoirsia, an Mholdóiv, an Úcráin, an tSeapáin, an Eilvéis, Singeapór, Meicsiceo, an Nua-Shéalainn, Vítneam agus an Ríocht Aontaithe. Le caibidlí chomhaontuithe trádála an Aontais maidir le soláthar poiblí, áirithítear go mbeidh rochtain shlán ag tairgeoirí, earraí agus seirbhísí an Aontais (lena n-áirítear seirbhísí oibreacha) ar mhargaí tríú tíortha (i.e. margaí nach margaí de chuid an Aontais iad) ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. Áirítear ar roinnt samplaí nithiúla an Cholóim, áit a raibh cuideachtaí de chuid an Aontais i measc na gcuideachtaí a raibh luach conartha iomlán EUR 16,2 billiún acu idir 2019 agus 2022, nó an tSeapáin, áit ar mhéadaigh cuideachtaí de chuid an Aontais a sciar den mhargadh i leith an luach conartha iomláin a tugadh do thairgeoirí eachtracha ó 34 % go 43 % idir 2019 (dáta theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe) agus 2020.

**Leanann an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme ceart na ngealltanais soláthair** ag comhpháirtithe trádála laistigh de na coistí speisialaithe bliantúla um sholáthar rialtais. Mar shampla, tá an Coimisiún ag éileamh go gcuirfí pointe rochtana tairisí aonair chun feidhme in éineacht le foilseacháin chomhuaineacha i mBéarla agus i Seapáinis sa tSeapáin. Leis an gCóiré Theas, tá an Coimisiún ag leanúint den phlé maidir le rochtain éifeachtach oibreoirí an Aontais ar chonarthaí iarnróid ardluais.

Tá an **Ionstraim Soláthair Idirnáisiúnta**, atá i bhfeidhm ón 29 Lúnasa 2022, dírithe ar mhargaí tríú tíortha a oscailt trí dheireadh a chur leis na bacainní atá roimh thionscal an Aontais i nósanna imeachta soláthair phoiblí thar lear. Ceadaítear leis, mar rogha dheireanach, tar éis céim imscrúdaitheach, srian a chur ar an rochtain ar mhargaí soláthair an Aontais i gcás soláthraithe ó thíortha ina gcuirtear bac ar rochtain ar a soláthar. Mar thoradh ar na hiarrachtaí sin, an 24 Aibreán 2024, d'oscail an Coimisiún an chéad imscrúdú IPI (*ex officio*), lena dtabharfar aghaidh ar bhacainní líomhnaithe i margadh soláthair feistí leighis na Síne<sup>20</sup>. Is é an chéad aidhm atá leis an imscrúdú idirphlé a chothú idir údaráis inniúla maidir le deireadh a chur le hidirdhealú sa soláthar poiblí.

Leanann an Coimisiún de **thrédhearcacht maidir le deiseanna soláthair a chur chun cinn, go háirithe ar mhaithe le FBManna**, lena n-áirítear trína áitiú go gcuirfidh comhpháirtithe trádála tairseacha aonair i bhfeidhm inar féidir le tairgeoirí ionchasacha teacht go héasca ar an bhfaisnéis tairisceana uile is gá. Tá obair ar bun freisin chun feachtas a mhéadú maidir leis na gealltanais atá tugtha cheana ag comhpháirtithe trádála an Aontais i réimse an tsoláthair

<sup>20</sup> Féach [https://eur-lex.europa.eu/legal-content/ga/TXT/PDF/?uri=OJ:C\\_202402973](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/ga/TXT/PDF/?uri=OJ:C_202402973); IO C/2024/2973.

rialtais, go háirithe tríd an uirlis Access2Procurement (tugtar tuilleadh sonraí i Roinn III thíos).

## II.2 Cur chun feidhme chomhaontuithe trádála déthaobhacha an Aontais a chur chun cinn

Tugtar samplaí san fhoroinn seo den chaoi a ndéanann an Coimisiún na gealltanais faoi chomhaontuithe trádála déthaobhacha a chur chun cinn agus a chur chun feidhme.

### A. Na buntáistí a chur in iúl agus a chur chun cinn

Óna cheanncheathrú sa Bhruiséil agus go háitiúil sna tíortha lena mbaineann, d'oibrigh an Coimisiún go dian leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara chun an bealach a réiteach do chomhaontuithe trádála nua an Aontais leis **an Nua-Shéalainn** agus leis **an gCéinia** agus don chomhaontú nuachóirithe leis **an tSile**. Áirítear ar na hiarrachtaí scaipthe agus for-rochtana ábhair chumarsáide a fhoilsiú, amhail bileoga eolais, ábhar don phreas, ceisteanna coitianta agus postálacha ar na meáin shóisialta, chomh maith le cruinnithe idirphlé leis an tsochaí shibhialta agus treoir speisialaithe maidir le gnéithe áirithe den chomhaontú. Baineadh úsáid as na Laethanta Rochtana ar an Margadh a eagraíodh i 15 Bhallstát go dtí seo chun cumarsáid a dhéanamh maidir leis na comhaontuithe sin. Bhí ról lárnach ag Toscaireachtaí an Aontais<sup>21</sup> freisin ó thaobh tacú leis an iarracht sin, mar a rinne líonraí Eorpacha amhail an Líonra Fiontar Eorpach<sup>22</sup>.

#### An chaoi a bhfuil an tAontas ag múscailt feasachta faoi chomhaontuithe trádála nua

- **Tháinig an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus an Nua-Shéalainn i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2024.** Féach treoir chuimsitheach do FBManna + 10 mbileog théamacha agus earnálacha<sup>23</sup>.
- **Tháinig an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus an Chéinia i bhfeidhm an 1 Iúil 2024.** *Ar bun faoi láthair:* Ceardlanna chun feasacht ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a mhéadú ar fud na Céinia a eagraíodh le hAireacht Trádála na Céinia, atá tiomnaithe don earnáil phríobháideach in Nairobi agus Mombasa; idirphlé idir Foireann na hEorpa<sup>24</sup>, earnáil phríobháideach an Aontais agus rialtas na Céinia maidir leis an timpeallacht ghnó agus infheistíochta.
- **Comhaontú trádála nuachóirithe idir an tAontas agus an tSile – táthar ag súil lena theacht i bhfeidhm in sa chéad Ráithe de 2025.** Tá imeachtaí beartaithe maidir leis an athbhreithniú ar an trádáil agus ar an bhforbairt inbhuanaitheachta chun idirphlé a spreagadh idir na gníomhaithe rialtais agus neamhrialtasacha ábhartha uile,

<sup>21</sup> Tá breis agus 200 ball foirne ag an gCoimisiún/Ard-Stiúrthóireacht na Trádála i dToscaireachtaí an Aontais ar fud an domhain agus tá rannóga trádála tiomnaithe aige i mbreis agus 40 tír.

<sup>22</sup> Tá faisnéis faoin Líonra Fiontar Eorpach ar fáil anseo: <https://een.ec.europa.eu/>

<sup>23</sup> [An tAontas Eorpach - An Nua-Shéalainn \(europa.eu\)](https://an-tAontas-Eorpach-An-Nua-Shéalainn.europa.eu)

<sup>24</sup> [https://international-partnerships.ec.europa.eu/policies/team-europe-initiatives\\_ga](https://international-partnerships.ec.europa.eu/policies/team-europe-initiatives_ga)

lena n-áirítear maidir le fuinneamh agus amhábhair. Cumhdófar leis an bplé conas forálacha an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas agus an tSile agus an Mheabhráin Tuisceana ó mhí Iúil 2023 a chur chun feidhme, lena n-áirítear for-rochtain ag na Ballstáit ar infheisteoirí féideartha san earnáil.

## **B. Gealltanais maidir le rochtain ar an margadh a chur chun feidhme**

### ***Bacainní trádála i dtíortha comhpháirtíochta a chosc agus a bhaint, trí úsáid a bhaint as na struchtúir dhéthaobhacha***

Trí aghaidh a thabhairt ar ghreannaitheoirí nó ar bhacainní ar thrádáil agus ar infheistíocht ag an bhfoinse (e.g. *sula* mbeidh siad cumhdaithe i ndlíthe agus i rialacháin), méadaítear ár ndeiseanna éifeachtaí diúltacha ar ghnó na hEorpa a chosc nó a mhaolú.

- Éascaítear go mór faireachán a dhéanamh ar thionscnaimh a d'fhéadfadh fadhbanna a bheith ag baint leo leis na struchtúir institiúideacha a bunaíodh le comhaontuithe déthaobhacha. Chuidigh an struchtúr sin le Toscaireacht an Aontais sa **Cholóim** (Bogotá) beart feidhmiúcháin a d'fhéadfadh a bheith achtrannach maidir le dea-chleachtais mhonaraíochta le haghaidh deochanna alcólacha a ardú go rathúil ag an bhfochoiste um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil (BTT) faoin gcomhaontú saorthrádála. A luaithe a fhorghníomhaíocht foraithe na Colóime lena gcuirtear deireadh le ceanglas na ndeimhnithe dea-chleachtas monaraíochta, cuirfidh sé deireadh leis an ualach riaracháin a dhéanann difear d'onnmhairí an Aontais ar luach níos mó ná EUR 90 milliún in 2023.
- Tá sé rithábachtach faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí rialála agus beartais ábhartha sa tír óstach ('faire rialála') chun go sainaithneoidh Toscaireachtaí an Aontais forbairtí a d'fhéadfadh a bheith díobhálach. Mar shampla, Toscaireacht an Aontais sa **tSeapáin** (Tóiceo) a bhí ag obair le gnólachtaí an Aontais, bhí sí in ann aghaidh a thabhairt ar na ceanglais throma maidir le caighdeánú agus deimhniúchán, ceanglais a bhaineann leis an earnáil gaoithe daingnithe den ghrinneall amach ón gcósta sa tSeapáin. Leis an Acht athbhreithnithe um Ghnólachtaí Leictreachais agus leis an treoraíocht a eisíodh i mí an Mhárta 2023, déantar foráil maidir le laghdú ar chostais rochtana ar an margadh agus maidir le próiseas formheasa níos tapúla, rud a chuireann deireadh le bac mór ar ghnólachtaí an Aontais. Léiríonn bronnadh roinnt tionscadal gaoithe amach ón gcósta ar chuibhreannais ina raibh tionscal an Aontais rannpháirteach an feabhas atá tagtha ar threoirlínte tairisceana, ábhar a raibh Toscaireacht an Aontais i dTóiceo i dteagmháil leis an tSeapáin ina leith.
- Maidir le ceanglais idirdhealaitheacha atá i bhfabhar tairgeoirí ó Pharagua, ón mBrasaíl agus ón Airgintín, bhí an baol ann go mbeadh tionchar acu ar chuideachtaí an Aontais atá rannpháirteach i dtairiscintí poiblí le haghaidh táirgí cóireála uisce i **bParagua**. A bhuí le gníomhaíocht chomhordaithe ó Thoscaireacht an Aontais agus ó

na Ballstáit a bhí i dteagmháil leis na húdaráis ábhartha, rinne Paragua téarmaí na dtagairtí a choigeartú agus chuir sí síneadh leis an am chun freagra a thabhairt, rud a d'fhág go raibh na cuideachtaí leasmhara uile in ann a bheith rannpháirteach. Tá an toradh sin níos tábhachtaí fós ós rud é go bhfuil an earnáil ag fáil infheistíocht Eorpach ar luach EUR 10 milliún faoin tionscnamh 'An Eoraip Dhomhanda'.

Príomhdhúshlán d'obair choiscitheach an Aontais is ea acmhainní comhchoiteanna an Choimisiúin, na mBallstát agus na ngnólachtaí atá ag feidhmiú i dtíortha comhpháirtíochta a shlógadh chun rochtain a fháil ar fhaisnéis maidir le saincheisteanna a bhaineann le rochtain ar an margadh agus chun gníomhaíocht chomhordaithe a dhéanamh, de réir mar is gá. Dá bhrí sin, tá an Coimisiún agus na Ballstáit ag féachaint ar bhealaí praiticiúla chun sreafaí faisnéise a éascú idir Toscaireachtaí an Aontais agus ambasáidí thar lear.

### ***Bhí ról lárnach ag coistí CST arís maidir le deireadh a chur le bacainní in earnálacha éagsúla***

- Ba í **an talmhaíocht agus an t-iascach** an earnáil inar cuireadh deireadh leis an líon is mó bacainní (i.e. baineadh 22 as 37 mbacainn san iomlán in 2023). In 2023, rinneadh dul chun cinn ó thaobh **réigiúnú** de le dhá chomhpháirtí sa Chianoirtheart: tar éis dian-rannpháirtíocht faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin, tá dul chun cinn déanta ag an **tSeapáin** maidir le haitheantas a thabhairt do réigiúnú an Aontais i gcás fliú éanúil ardphataigineach. Ciallaíonn sé sin nach mbeidh bac ar thrádáil le haghaidh táirgí éineola ó limistéir atá saor ó ghalair mar thoradh ar fhadhb i réigiún amháin de Bhallstát nó i gcuid amháin den Aontas, i gcomhréir leis na rialacha a chinntear le reachtaíocht an Aontais. Thosaigh **an Chóiré Theas** ag nuashonrú deimhnithe déthaobhacha lena n-áirítear na coinníollacha réigiúnaithe comhaontaithe agus tá na bunaíochtaí á liostú aici lena bhformheas chun muiceoil a onnmhairiú. I mí Lúnasa 2023, cuireadh tús leis na chéad lastais de tháirgí muiceola ón nGearmáin go dtí an Chóiré, agus ó Éirinn agus ón bhFrainc ina dhiaidh sin in 2024, agus í ag aithint an ardleibhéil sábháilteachta a áirithítear le bearta rialaithe comhchuibhithe um shábháilteacht bia an Aontais.
- Tá **earnáil cógasaiochta** na hEorpa, earnáil atá thíos le hidirdhealú i **Vítneam**, ar margadh onnmhairiúcháin dar luach EUR 1,5 billiún é, fós ina fhócas le haghaidh ghníomhaíocht an Aontais chun rochtain ar an margadh a éascú do ghnólachtaí na hEorpa. Ag deireadh 2022 mar gheall ar iarrachtaí comhpháirteacha idir an Coimisiún, Toscaireacht an Aontais, lucht gnó agus na Ballstáit, bhí ar Vítneam **deireadh a chur leis an idirdhealú** idir údaráis rialála an Aontais agus caitheamh le táirgeoirí uile an Aontais mar an gcéanna. Chuir Vítneam síneadh freisin le *bailíocht an údaráithe margaidh* go dtí deireadh 2024 i gcás breis agus 1 800 cógas leighis allmhairithe. San am céanna, tá an Coimisiún ag leanúint dá iarrachtaí teacht ar réiteach buan.
- San **earnáil gluaisteán** (a bhfuil 11 % d'earraí onnmhairithe na hEorpa i gceist léi) d'éirigh leis an Aontas a thabhairt ar **an Tuirc** glacadh lena chaighdeán rialála tar éis reachtaíocht a chur i bhfeidhm lena ndearnadh idirdhealú in aghaidh tarracóirí an

Aontais – margadh onnmhairiúcháin EUR 2,5 billiún – ar feadh roinnt blianta. Bhí tarracóirí a allmhairíodh ón Aontas faoi réir ceanglais astaíochtaí níos déine ná iad siúd a monaraíodh sa Tuirc, rud a chuir faoi mhíbhuntáiste praghais iad i gcomparáid le feithiclí a monaraíodh go háitiúil. Tar éis aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin leis an Tuirc, rinne an Tuirc a reachtaíocht maidir le gach cineál feithicle a ailíniú le reachtaíocht an Aontais.

- Idir an dá linn, trí **reachtaíocht chosmaidí na Tuirce** a ailíniú a thuilleadh le reachtaíocht an Aontais (liosta an Aontais de shubstaintí toirmisce), tá deireadh tagtha le cóireáil idirdhealaitheach chosmaidí an Aontais, ar fiú EUR 2,2 billiún in aghaidh na bliana iad.

### ***Comhaontuithe trádála mar chéim i dtreo comhair i réimsí leasa fhrithpháirtigh***

Chuir an tAontas agus **an Chóiré Theas** dlús suntasach lena malartuithe maidir le cúrsaí **comhshaoil agus aeráide** faoin gComhpháirtíocht Ghlas leis an gCóiré Theas arna maoiniú ag an Aontas a seoladh i mí na Bealtaine 2023. Rinneadh dul chun cinn sa chomhar freisin maidir le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta (SFS): shínigh an Coimisiún (Ard-Stiúrthóireacht na Trádála agus Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia) agus Aireacht Sábháilteacht Bia agus Drugaí na Cóiré Theas Socrú Riaracháin maidir le comhar i ndáil le deimhniú leictreonach SFS agus maidir le deimhnithe SFS le haghaidh onnmhairí ón Aontas, rud a éascódh trádáil i roinnt táirgí agraibhia próiseáilte a thuilleadh.

Tá comhar le **Ceanada** faoi Chomhaontú CETA tríd an **gComhpháirtíocht Straitéiseach idir an tAontas agus Ceanada maidir le hAmhábhair Chriticiúla** ag rannchuidiú le slabhraí luacha amhábhair idir an tAontas agus Ceanada a chomhtháthú, agus infheistíochtaí Ceanadacha ar siúl san Aontas agus infheistíochtaí Eorpacha i gCeanada. Cuireann an Chomhpháirtíocht Straitéiseach deiseanna ar fáil le haghaidh comhar maidir le taighde agus nuálaíocht agus le haghaidh comhar idirnáisiúnta maidir le caighdeáin chomhshaoil, shóisialta agus rialachais agus tionscnaimh iltaobhacha. I mí Iúil 2024, bhí Ceanada comhlachaithe le Colún II d'Fhís Eorpach<sup>25</sup>.

In 2023, lean an tAontas agus **tiortha comhpháirtíochta na nAindéas, an Cholóim, Eacuadór agus Peiriú**, dá gcuid oibre chun feabhas a chur ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe, lena n-áirítear trí chomhar a fhaigheann tacaíocht ó thionscadail agus seimineáir an Aontais, go háirithe Príomhthionscal Mheiriceá Laidinigh i réimse na maoine intleachtúla.

In 2023, lean an tAontas, **Gána, an Cósta Eabhair agus Camarún** dá bplé ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta – go háirithe maidir le cócó, ar tráchtearra lárnach é sa chaidreamh trádála frithpháirtí – i gcomhthéacs na gCoistí CCE faoi seach. Leanadh den

---

<sup>25</sup> [https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP\\_24\\_3626](https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP_24_3626)

chomhar gníomhach laistigh den idirphlé ilpháirtithe faoi chuimsiú an tionscnaimh ‘Cócó Inbhuanaithe’.

### C. Fócas ar thrádáil agus forbairt inbhuanaithe

In 2023, lean an Coimisiún d’aghaidh a thabhairt ar thorthaí a athbhreithnithe ar an mbeartas trádála agus forbartha inbhuanaithe<sup>26</sup>. Thug an t-athbhreithniú spreagadh nua do chur chun feidhme ghealltanais trádála agus forbartha inbhuanaithe faoi chomhaontuithe trádála an Aontais.

Thosaigh an Coimisiún ag ullmhú **tosaíochtaí tírshonracha** lena gcumhdaítear saincheistanna saothair, inscne, comhshaoil, aeráide agus sochaí sibhialta le **dlúth-rannpháirtíocht ghrúpaí comhairleacha baile an Aontais** a bunaíodh faoi na comhaontuithe sin. Tá na tosaíochtaí tírshonracha sin ag cur le forbairt páipéar mionsonraithe tíre maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe (TFI) lena mapáiltear tosaíochtaí, chomh maith le tionscadail ghaolmhara comhair agus fothaithe acmhainneachta de chuid an Aontais agus na mBallstát.

Tar éis d’eagraíocht neamhrialtasach **an chéad ghearán TFI** faoi chearta saothair san earnáil mianadóireachta i bPeiriú agus sa Cholóim a chur faoi bhráid Phointe Iontrála Aonair an Choimisiúin an 17 Bealtaine 2022, le hidirphlé déthaobhach le Peiriú agus leis an gColóim in 2023, bhíodhas in ann saincheistanna a shainaitheint maidir le cur chun feidhme a ndlíthe saothair faoi seach, agus ina measc sin, bhí idirphlé leis an gColóim maidir leis an dul chun cinn a bhí déanta aici ó thaobh a hathchóirithe ar shaothar intíre. Ó thaobh comhar TFI le Peiriú de, i mí an Mhárta 2024 foilsíodh liosta de ghníomhaíochtaí comhair theicniúil, go háirithe maidir le saoirse comhlachais, saothar leanaí, saothar éigeantais, an comhrac i gcoinne na neamhfhoirmiúlachta, agus go háirithe maidir leis an gcóras cigireachta saothair a neartú. Tá coinne leis go gcuirfear na gníomhaíochtaí sin chun feidhme sna blianta beaga atá amach romhainn le tacaíocht ó an-chuid cláir de chuid an Aontais.

Léiríonn an toradh dearfach sin an ról tábhachtach atá ag an tsochaí shibhialta maidir le haird a thabhairt ar fhorálacha TFI i dtríú tíortha agus faireachán a dhéanamh orthu.

I mí an Mhárta 2024, fuair an Pointe Iontrála Aonair an *dara gearán foirmiúil* maidir leis an gCaibidil TFI sa Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus Vítneam, rud atá á athbhreithniú faoi láthair.

Ba iad na **Comhchoistí maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe** an príomhbhealach arís chun cur chun feidhme chaibidlí TFI i gcomhaontuithe trádála an Aontais a chur chun cinn. Rinneadh dul chun cinn nithiúil in 2023 maidir le daingniú agus cur chun feidhme na

---

<sup>26</sup> Chun achoimre a fháil ar phríomh-chonclúidí an athbhreithnithe trádála agus forbartha inbhuanaithe féach freisin tuarascáil bhliantúil 2022 maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú: [Clár Dhoiciméid an Choimisiúin - COM\(2022\)730 \(europa.eu\)](#).

mbunchoinbhinsiún maidir le cearta saothair agus an comhshaol, rud a thug ar thíortha comhpháirtíochta a gcreataí intíre faoi seach a uasghrádú:

- Maidir leis **an tSeapáin**, tháinig Coinbhinsiún C105 EIS maidir le saothar éigeantais a dhíothú i bhfeidhm i mí Iúil 2023. I gcás **Phanama**, tháinig coinbhinsiún EIS C129 maidir le cigireacht saothair (talmhaíocht) agus C190 maidir le foréigean agus ciapadh i bhfeidhm i mí an Mhárta 2023. Dhaingnigh **Ceanada** Coinbhinsiún EIS C190 (an Coinbhinsiún maidir le Foréigean agus Ciapadh) an 30 Eanáir 2023.
- Ina theannta sin, mar thoradh ar phlé déthaobhach, sheas tíortha áirithe lena ngealltanais maidir le TFI agus, dá bhrí sin, chuir siad feabhas ar a **gcreataí intíre don lucht saothair**. Mar shampla, chláraigh **Eacuadór** an chéad cheardchumann le haghaidh brainse earnála in earnáil na mbananaí i mí na Nollag 2023. Ní mór a gcreat dlíthiúil intíre a choigeartú dá réir sin.
- Tá dul chun cinn déanta ag **an tSeoirsia** agus ag **an Moldáiv** ó thaobh a **gcóras intíre** a uasghrádú le haghaidh **an tsaothair agus an chomhshaoil**. Lean an tSeoirsia den chóras cigireachta saothair a neartú trí earcaíocht, oiliúint agus fothú acmhainneachta nua agus dhaingnigh sí an leasú ar phrótacal Montréal (maidir le hidreafluaracarbóin a laghdú de réir a chéile). Ghlac an Mholdóiv bearta chun Cigireacht Saothair an Stáit a athchóiriú agus a neartú, rud a thug an ceart di cuairteanna gan réamhfhógra a dhéanamh i gcásanna áirithe. Tar éis plé domhain sa choiste TFI, ghlac an Mholdóiv reachtaíocht le déanaí freisin maidir le gáis ceaptha teasa fhluaíniú.

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, bhain an Coimisiún úsáid as **coistí TFI** laistigh de chomhaontuithe trádála an Aontais chun comhpháirtithe a spreagadh maidir le príomhghnéithe suntasacha den athbhreithniú ar TSI agus chun **feabhas a chur ar an gcomhar maidir le cúrsaí comhshaoil agus aeráide** trí idirphlé tiomnaithe beartais agus trí chomhghuaillíochtaí glasa. Mar shampla:

- Tá an comhar idir **an tAontas agus Ceanada** ag dul chun cinn mar chuid dá gComhghuaillíocht Ghlas arb é is aidhm di dlús a chur leis an gcomhar maidir le teicneolaíochtaí nuálacha.
- Leanadh den chomhar idir **an tAontas agus an Chóiré Theas** trína gComhpháirtíocht Ghlas a seoladh i mí na Bealtaine 2023, lenar cumhdaíodh saincheistean a bhaineann le trádáil amhail gaoth amach ón gcósta, dícharbónú thionscal na loingseoireachta, an geilleagar ciorclach agus an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT).
- Tá an comhar le **Singepór** maidir le teicneolaíochtaí chun tacú leis an aistriú glas á chur chun cinn ag an gCoimisiún freisin.

- Chuidigh an comhar leis *an tSeapáin* maidir le rialacha le haghaidh cumhacht gaoithe amach ón gcósta<sup>27</sup> ó thaobh tacú leis an gclár oibre comhshaoil agus aeráide faoin gcaibidil TFI, rud a chuir an t-aistriú fuinnimh chun cinn.

Is iad na struchtúir a cruthaíodh faoi chaibidlí TFI na príomhfhóiraim freisin chun cur le tuiscint na gcomhpháirtithe **ar reachtaíocht an Aontais a achtaíodh nó a moladh le déanaí** maidir leis an inbhuanaitheacht. Mar shampla, tar éis an choiste TFI is déanaí le **tíortha na nAindéas**, d'eagraigh an Coimisiún dhá chruinniú leantacha láithreach le saineolaithe an Aontais ar dhífhoraoisiú chun aghaidh a thabhairt ar phointí teicniúla mionsonraithe a bhaineann le tíortha na nAindéas.

### ***Leanann an tAontas de chomhar teicniúil a thacaíonn le cuspóirí inbhuanaitheachta a mhaoiniú***

In 2023, sa bhreis ar thionscadail chomhair i **Meiriceá Láir**<sup>28</sup> agus san **Áise Thoir Theas** (e.g. Céim 2 den tionscadal 'Trádáil le haghaidh Obair Chuibhiúil', ag a bhfuil buiséad EUR 4 mhilliún le haghaidh 2024-2027, lena leantar de thacaíocht a thabhairt d'fheabhas a chur ar chur chun feidhme na gcaighdeán saothair, i measc nithe eile i Vítneam, lean an tAontas d'Iompar Freagrach Gnó le haghaidh slabhraí soláthair glasa, digiteacha agus athléimneacha san Áise a mhaoiniú, tionscnamh lena gcuirtear cóineasú agus ailíniú cleachtas freagrach iompair gnó chun cinn i margaí na hÁise i gcomhréir leis na prionsabail a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta a leagtar amach i gcaighdeán ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó.

### ***Ag obair le Grúpaí Comhairleacha Baile***

Le rannchuidiú ó Ghrúpaí Comhairleacha Baile san Aontas agus i dtíortha comhpháirtíochta, a dhéanann **faireachán ar an staid** ar an láthair i dtíortha comhpháirtíochta, treisítear seasamh an Choimisiúin agus bearta leantacha á ndéanamh aige ar ghealltanais TFI, mar a léiríonn na samplaí seo a leanas:

#### **Samplaí de ranníocaíochtaí ó Ghrúpaí Comhairleacha Baile:**

- In **Eacuadór**, ghlac an Coimisiún tuarascálacha ó ionadaithe na sochaí sibhialta maidir le **deacrachtaí ceardchumann a chlárú in earnáil na mbananaí** (féach Roinn II.2 C thuas).
- I **Vítneam**, tharraing eagraíochtaí sochaí sibhialta an Aontais aird an Choimisiúin ar chruachás eagraíochtaí sochaí sibhialta Vítneamacha nár aithníodh mar ghníomhaithe iomlána san fhaireachán ar chur chun feidhme ghealltanais TFI, rud a chuir roinnt gníomhaithe comhshaoil nó ionadaithe ceardchumann i mbaol sárúithe ar chearta an duine. Tá obair leantach fós á déanamh ag an Aontas ar na saincheisteanna sin, lena n-áirítear mar chuid den idirphlé idir an tAontas agus Vítneam maidir le cearta an duine.
- A bhuí leis an ionchur a fuarthas ón **nGrúpa Comhairleach Baile idir an tAontas Eorpach**

<sup>27</sup> Féach Roinn B thuas.

<sup>28</sup> <https://www.euroclima.org/ga/mapas-2021-ga>

**agus an Ríocht Aontaithe**, shainaithin an Coimisiún fadhb agus bhí sé in ann í a ardú leis an Ríocht Aontaithe maidir leis an ngníomh um íosléibhéal seirbhíse, i.e. cúlchéimniú ó chaighdeán saothair roimh Brexit, rud a dhéanann difear don chothroime iomaíochta leis an Aontas.

- Chuir an **Grúpa Comhairleach Baile idir an tAontas agus Vítneam** faisnéis ar fáil don Aontas ionas go bhféadfadh sé saincheist na gáinneála ar fhiadhúlra ar thógair a ardú.
- Chuidigh faisnéis a chuir an **Grúpa Comhairleach Baile idir an tAontas agus Ceanada** ar fáil ó thaobh borradh a chur faoin bplean oibre comhpháirteach idir an tAontas agus Ceanada maidir le TFI agus chun tosaíocht a thabhairt don **inscne**<sup>29</sup> mar thopaic chomhpháirteach a raibh malartuithe níos doimhne ag teastáil ina leith.

In 2023, fuair an Coimisiún **tacaíocht airgeadais leanúnach d'obair na nGrúpaí Comhairleacha Baile**: Maidir leis **an tionscadal EUR 3 mhilliún** ar dhámh an Coimisiún conradh ina leith in 2018 chun tacú leis an tsochaí shibhialta faoi chuimsiú comhaontuithe trádála, tá síneadh curtha leis go dtí deireadh 2024 agus tá próiseas ar bun anois chun síneadh breise a chur leis go dtí deireadh 2026.

#### **D. Meastóireachtaí cúlghabhálacha a dhéanamh ar thionchar na gcomhaontuithe trádála chun obair chun feidhme a threorú<sup>30</sup>**

Foilsíodh an mheastóireacht ar CST an Aontais le **Meiriceá Láir** i mí an Mheithimh 2023. I gcomhréir leis na moltaí, leantar de phlé a dhéanamh idir páirtithe maidir le saincheisteanna eacnamaíocha (trádáil dhéthaobhach, rochtain ar an margadh), beartais shóisialta (mar shampla cearta saothair) agus an comhshaol (mar shampla cosaint an chomhshaoil agus an Rialachán maidir le Dífhoraísiú).

Foilsíodh meastóireacht an Choimisiúin ar chomhaontuithe saorthrádála an Aontais le comhpháirtithe na nAindéas i mí Dheireadh Fómhair 2023. Bunaithe ar a chonclúidí, breithneoidh an tAontas an bhféadfaí an comhaontú a thabhairt cothrom le dáta ar bhealach spriocdhírthe i gcomhréir lena chuspóirí beartais trádála, go háirithe na cuspóirí sin a bhaineann leis an bhforbairt inbhuanaithe.

In 2023, sheol an Coimisiún **meastóireacht cháilíochtúil freisin ar thionchar na gcomhaontuithe saorthrádála ar phríomhthosca comhshaoil, lena n-áirítear an aeráid**. Is é seo an chéad mheastóireacht thrasearnálach lena gcumhdaítear gach ceann de na 12 CST lena n-áirítear forálacha maidir le TFI a bhí i bhfeidhm in 2023. Táthar ag súil leis an tuarascáil chríochnaitheach i mí na Samhna 2024.

In 2024 freisin, sheol an Coimisiún meastóireachtaí ar a chomhaontuithe trádála le **Ceanada** agus leis **an tSeapáin**.

<sup>29</sup> [https://www.international.gc.ca/trade-commerce/trade-agreements-accords-commerciaux/agr-acc/ceta-aecg/CETA\\_work\\_plan-AECG\\_plan\\_travail-2020-2021.aspx?lang=eng](https://www.international.gc.ca/trade-commerce/trade-agreements-accords-commerciaux/agr-acc/ceta-aecg/CETA_work_plan-AECG_plan_travail-2020-2021.aspx?lang=eng)

<sup>30</sup> [https://policy.trade.ec.europa.eu/analysis-and-assessment/ex-post-evaluations\\_ga](https://policy.trade.ec.europa.eu/analysis-and-assessment/ex-post-evaluations_ga)

## **E. Comhaontuithe um aitheantas frithpháirteach maidir le measúnú comhréireachta**

Éascaítear rochtain ar an margadh freisin trí chomhaontuithe um aitheantas frithpháirteach (CAFanna) maidir le measúnú comhréireachta. Cuireann na comhaontuithe déthaobhacha sin trádáil earraí idir an tAontas agus tríú tíortha chun cinn, agus téann siad chun tairbhe an tionscail trí rochtain níos éasca ar mheasúnú comhréireachta a chur ar fáil. Ag tógáil ar éifeachtaí dearfacha CAFanna mar uirlis éascaithe trádála, in 2023 lean an tAontas de na CAFanna a chuir sé i gcrích leis an Astráil, le Ceanada, le hIosrael, leis an tSeapáin, leis an Nua-Shéalainn, leis an Eilvéis agus leis na Stáit Aontaithe a chur chun feidhme.

I mí na Bealtaine 2023, **thug an tAontas agus na Stáit Aontaithe a CAF maidir le trealamh muirí cothrom le dáta** chun na hathruithe rialála agus teicneolaíocha is déanaí sa réimse sin a léiriú. Ina theannta sin, leathnaigh an tAontas agus na Stáit Aontaithe an iarscríbhinn CAF idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe maidir le dea-chleachtais mhonaraíochta do chógaíocht chun cógais tréidliachta a chur san áireamh, rud a fhágann gur féidir táirgí tréidliachta a mhonaraítear san Aontas a onnmhairiú agus a mhargú sna Stáit Aontaithe gan gá do na Stáit Aontaithe cigireacht a dhéanamh ar mhonaróirí an Aontais, agus a mhalairt.

## **III. Cuidiú le fiontair bheaga agus mheánmhéide a n-áit a aimsiú sa trádáil dhomhanda**

Leanann FBManna de bheith ina bpointe fócais le haghaidh ghníomhaíochtaí cur chun feidhme agus forfheidhmiúcháin an Choimisiúin, ionas gur féidir leo tairbhe a bhaint as comhaontuithe trádála an Aontais. Leagtar amach sa roinn seo na príomhghníomhaíochtaí a rinneadh in 2023 chun an cuspóir sin a bhaint amach.

### **A. Access2Markets a uasghrádú & a chur chun cinn**

Leanadh d'uasghrádú a dhéanamh in 2023 ar an ardán Access2Markets, lena gcuirtear faisnéis ilteangach saor in aisce ar fáil, rud a chuidíonn go háirithe le FBManna. Cinntíonn sé go bhfuil fiontair Eorpacha feistithe go maith chun castachtaí na trádála idirnáisiúnta a láimhseáil le héifeachtúlacht agus éascaíocht níos mó fós.

- Leis an uirlis **Féinmheasúnaithe maidir leis na Rialacha Tionscnaimh**<sup>31</sup>, is féidir le cuideachtaí a mheas an gcomhlíonann a dtáirgí na coinníollacha chun tairbhe a bhaint as cóir fhabhrach faoi chomhaontú trádála de chuid an Aontais. Cumhdaíonn an uirlis 31 chomhaontú lena n-áirítear iad siúd le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis an tSeapáin chomh maith leis na coinníollacha faoi Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraise. Déantar níos mó ná 14 000 measúnú ar an meán gach mí.

---

<sup>31</sup> [Conas an uirlis Féinmheasúnaithe maidir le Rialacha Tionscnaimh a úsáid | Access2Markets \(europa.eu\)](#)

- Is uirlis ar líne é **Mo Chúntóir Trádála le haghaidh Seirbhísí agus Infheistíochta** a seoladh in 2022, lena gcuirtear faisnéis phraiticiúil ar fáil faoi na ceanglais is gá do sholáthraithe seirbhísí an Aontais a chomhlíonadh agus iad ag onnmhairiú lasmuigh den Aontas. Ceadaítear é 2000 uair ar an meán gach mí. Tar éis é a leathnú in 2023, cumhdaíonn an uirlis anois níos mó ná 100 earnáil seirbhísí, amhail seirbhísí gnó agus gairmiúla, seirbhísí airgeadais, seirbhísí teileachumarsáide, agus seirbhísí iompair i gceithre thír: Ceanada, an tSeapáin, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe.
- Cuidíonn **Access2Procurement** le gnólachtaí an Aontais a fháil amach cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear tairiscint soláthair phoiblí shonrach le ceann de na comhaontuithe trádála déthaobhacha de chuid an Aontais. In 2023, ceadaíodh an uirlis níos mó ná 480 uair in aghaidh na míosa toisc gur leathnaíodh í chun na Stáit Aontaithe a chumhdach, chomh maith le Ceanada agus an tSeapáin. Cuirfear an Ríocht Aontaithe leis an mbunachar sonraí in 2024.
- **Access2Conformity**, a cuireadh leis in 2023, cuidíonn sé le honnmhaireoirí an Aontais a shainaithint cén áit san Aontas ar féidir leo comhréireacht a dtáirgí a thástáil agus a dheimhniú agus iad ag onnmhairiú chuig tríú tíortha a bhfuil CAF tugtha i gcrích ag an Aontas leo. Faoi láthair, cumhdaíonn an uirlis an Astráil, Ceanada, an tSeapáin, an Nua-Shéalainn, na Stáit Aontaithe agus an Eilvéis.

## **B. Cuidiú le FBManna an leas is fearr is féidir a bhaint as comhaontuithe trádála idirnáisiúnta**

Cuspóir tábhachtach de chuid chomhaontuithe trádála an Aontais is ea cabhrú le FBManna an Aontais a ngnó a fhás le margaí eachtracha agus sna margaí sin. I dteannta na caibidle a bhaineann go sonrach le FBManna atá i ngach comhaontú trádála a rinneadh le déanaí, lean an Coimisiún d'fheasacht a mhúscailt i rith 2023 maidir leis na tairbhí a bhaineann le comhaontuithe an Aontais, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara.

Reáchtáladh **Laethanta Rochtana ar an Margadh** in 2023 i naoi mBallstát (an tSualainn, an Fhrainc, an Chróit, an tSeicia, an Iodáil, an Fhionlainn, an Eastóin, an Spáinn agus an Ghréig) agus chuidigh siad ó thaobh feasacht a mhéadú i measc gnólachtaí ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil. Tá rannpháirtíocht láidir i Laethanta Rochtana ar an Margadh ón earnáil phríobháideach le 120 rannpháirtí ar an meán (go pearsanta agus ar líne le chéile) agus thug siad deis don Phríomhoifigeach Forfheidhmithe Trádála dul i dteagmháil le gnólachtaí agus le comhlachais ghnó, lena n-áirítear FBManna, in earnálacha éagsúla amhail agrairbhia, tionscal na ngluaisteán, feistí leighis, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, ceirmeacht agus tionscal na dteicstílí.

Chun tacú lena fhor-rochtain ar FBManna, chuir an Coimisiún/Ard-Stiúrthóireacht na Trádála dlús lena oiliúint ar **phríomhiolraitheoirí** ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal

náisiúnta, amhail eagraíochtaí cur chun cinn na trádála, eagraíochtaí agus comhlachais ghnó Eorpacha lena n-áirítear SME United nó EuroChambres, ionas go gcuirfidh siad treoir phraiticiúil ar fáil do FBManna maidir le comhaontuithe trádála an Aontais a úsáid. I measc na samplaí tá an Máistir-rang Bainistíochta Onnmhairiúcháin arna eagrú ag Trade Promotion Europe agus cruinnithe le comhlachais náisiúnta, lena n-áirítear coiste FBManna Chónaidhm Fhiontair na Sualainne agus Confédération des petites et moyennes entreprises na Fraince.

Chuidigh **lárionaid tiomnaithe an Aontais do FBManna** i dTóiceo (*Lárionad AE-na Seapáine le haghaidh Comhar Tionsclaíoch*<sup>32</sup>) agus i mBéising (*Lárionad AE-na Síne do FBManna*<sup>33</sup>) le FBManna an Aontais a mbealach a dhéanamh trí na margaí san Áis agus sa Chianoirtheor trí oiliúint, misin ghnó agus imeachtaí B2B a eagrú agus tuarascálacha a fhoilsiú faoi rochtain ar an margadh agus cúnamh teicniúil a chur ar fáil do chuideachtaí. Ardaíonn Ionad na Seapáine feachtas freisin maidir leis na tairbhí agus na deiseanna a chruthaíonn an Comhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch idir an tAontas agus an tSeapáin do FBManna trí 23 sheimineár gréasáin maidir le gnó a dhéanamh sa tSeapáin, ina bhfuil 730 rannpháirtí<sup>34</sup>. Cuireann foireann saineolaithe Lárionad FBManna AE-na Síne seirbhísí saor in aisce ar fáil, lena n-áirítear seirbhísí maidir le forbairt gnó, faisnéis dhlíthiúil, caighdeáin, acmhainní daonna agus oiliúint, sealaíocht deisce, aon tacaíocht phraiticiúil nithiúil eile do FBManna trí 34 sheisiún oiliúna/seimineár gréasáin sa tSín agus san Aontas do bhreis agus 2 000 FBM de chuid an Aontais, i measc imeachtaí eile.

Tá sé fós ar cheann de phríomhthosaíochtaí **an Líonra Fiontar Eorpaigh (LFE)**, a fhaigheann maoiniú ón Aontas, cabhrú le FBManna an Aontais dul i ngleic le comhaontuithe trádála an Aontais agus rochtain a fháil ar mhargaí tríú tíortha<sup>35</sup>.

- Le cabhair ón gCoimisiún/Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, lean comhairleoirí an Líonra Fiontar Eorpaigh dá n-acmhainneacht a fhorbairt chun tacú le cliant rochtain a fháil ar na tairbhí a bhaineann le comhaontuithe trádála an Aontais. Bíonn comhairleoirí gnó an Líonra Fiontar Eorpaigh i dteagmháil laethúil le FBManna atá ag lorg deiseanna fais i margaí tríú tíortha. Cuireadh oiliúint ar 87 gcinn acu i mí Mheán Fómhair 2023 lenar cumhdaíodh staid na himeartha maidir le comhaontuithe trádála an Aontais agus nuashonrú ar Access2Markets.
- Le linn na tréimhse tuairiscithe, d'óstáil LFE ceithre thábla 'rialta comhaontuithe saorthrádála', inar tugadh le chéile níos mó ná 150 comhairleoir gnó LFE agus

---

<sup>32</sup> <https://www.eu-japan.eu/>

<sup>33</sup> <https://www.eusmecentre.org.cn/>

<sup>34</sup> Is féidir scéalta rathúla cuideachtaí Eorpacha a thagann isteach i margadh na Seapáine a fháil anseo: <https://www.eu-japan.eu/eubusinessinjapan/tags/case-study>

<sup>35</sup> Tá faisnéis faoin Líonra Fiontar Eorpach ar fáil anseo: <https://een.ec.europa.eu/>. Tá an líonra, arna chómhaoiniú ag clár COSME an Aontais, gníomhach i mbreis agus 60 tír agus is rud é a thugann 3 000 saineolaí le chéile ó 600 balleagraíocht. Is é a chuspóir cuidiú le gnólachtaí beaga agus meánmhéide ina ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta.

saineolaí trádála le haghaidh malartuithe praiticiúla ar chásanna nithiúla a raibh baint ag FBManna Eorpacha leo.

- In 2024, sheol LFE sraith seimineár gréasáin maidir le *Glacadh le margaí domhanda*, lena gcuirtear príomhfhaisnéis mhargaidh agus faisnéis faoi cheanglais rialála ar fáil do FBManna chun cabhrú leo leathnú i margaí atá ag fás go tapa san Áise, san Afraic agus i gCríocha Mheiriceá.
- Tacaíonn an Coimisiún leis an iarracht agus roinn sé a shaineolas ar CAFanna maidir le measúnú comhréireachta.

Tá torthaí nithiúla na hoibre a rinne comhairleoirí gnó LFE agus samplaí den chaoi ar chabhraigh siad le FBManna Eorpacha deiseanna trádála a bhaineann le comhaontuithe saorthrádála a thapú a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin LFE<sup>36</sup>.

In 2023, lean an tAontas dá rannpháirtíocht ar **an leibhéal iltaobhach** freisin. Díríodh iarrachtaí go háirithe ar *Dheasc Chabhrach na Trádála Domhanda*<sup>37</sup> a thiontú ina hardán cuimsitheach agus níos soláimhsithe do mhicrifhiontair agus do FBManna (MFBManna). Rinne an tAontas dul chun cinn mór freisin maidir le hobair dea-chleachtais, as ar eascair seoladh dhá chnuasach (maidir le rochtain ar mhaoiniú ag MFBManna faoi stiúir na mban<sup>38</sup> agus maidir le forálacha speisialta do MFBManna i gCláir Oibreora Eacnamaíoch Údaraithe<sup>39</sup>) a seoladh ag MC13 EDT i mí Feabhra 2024.

## IV. Aghaidh a thabhairt ar bhacainní agus réitigh a aimsiú

### IV.1 Staid na himeartha agus treochtaí in 2023

In 2023, bhí tionchar níos mó ag meascán de theannais geopholaitiúla leanúnacha, luaineachtaí eacnamaíocha agus athruithe ar bheartais trádála ar thírdhreach na trádála domhanda. Bhí dinimic na trádála níos casta fós mar gheall ar chrapadh ar mhéideanna trádála domhanda, rud a léirigh dearcadh faichilleach agus, i gcásanna áirithe, dearcadh éadóchasach ó gheilleagair fhorbartha agus ó gheilleagair i mbéal forbartha araon. Na géarchéimeanna a bhí ann le blianta beaga anuas – go háirithe paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí, cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus na forbairtí is déanaí sa Mheánoirthear, chuir

<sup>36</sup> [Scéalta ratha | an Líonra Fiontar Eorpach \(europa.eu\)](#)

<sup>37</sup> [Deasc Chabhrach na Trádála Domhanda](#)

<sup>38</sup> [directdoc.aspx \(wto.org\)](#)

<sup>39</sup> [directdoc.aspx \(wto.org\)](#)

siad isteach ar shlabhraí soláthair domhanda agus chuir siad tuilleadh brú ar an gcaidreamh trádála idirnáisiúnta. An tráth céanna, tá dlús á chur leis an gclaochlú digiteach, rud a dhéanann difear do thrádáil earraí agus seirbhísí ar bhealaí éagsúla, agus bhí tionchar eacnamaíoch na n-arduithe ar phraghsanna fuinnimh agus an bhoilscithe a lean le brath fós.

An tráth céanna, tá méadú ag teacht ar **bhacainní trádála lena gcuirtear srian ar allmhairí**. Tá srianta ar allmhairí, ceanglais maidir le hábhar áitiúil agus cleachtais idirdhealaitheacha, agus ar bhonn níos ginearálta bearta atá dírithe ar ionadú allmhairí (e.g. ceadúnais neamh-uathoibríocha ar allmhairí éagsúla), go háirithe i gComharsanacht an Deiscirt, ina rogha ionstraime anois mar bheartas tionsclaíoch i gcás cuid dár gcomhpháirtithe.

I measc bacainní nua, tá **srianta ar onnmhairí** fós níos mó ná srianta ar allmhairí (tar éis na paindéime, rud a bhfuil tionchar aige ar bhia agus ar leasacháin agus ar roinnt amhábhair thábhachtacha freisin). Tá bearta sriantacha onnmhairiúcháin roimh ghnólachtaí an Aontais freisin lena ndírítear ar amhábhair (chriticiúla) chun spás beartais a chruthú d'fhorbairt agus do phróiseáil thionsclaíoch, go háirithe i dtíortha comhpháirtíochta san Áise Thoir Theas (e.g. toirmeasc onnmhairiúcháin na hIndinéise ar mhian nicile) nó san Afraic Fho-Shahárach (e.g. Gána, an Tansáin nó le déanaí toirmeasc onnmhairiúcháin ar litiam ón Namaib agus ón tSiombáib).

In 2023, cláraíodh **16 bhacainn nua san iomlán**, agus ba iad bearta riaracháin agus bacainní taraife (ceithre cinn faoi seach) na príomhchatagóirí, agus bhain trí bhacainn nua le Bacainní Teicniúla ar Thrádáil (BTT) agus le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta (SFS), faoi seach.

Leagadh béim arís in 2023 ar a thábhachtaí atá sé **aghaidh a thabhairt ar bhacainní trádála agus ar bhearta cosantacha agus iad a láimhseáil**, rud a bhí ina ábhar mór imní i gcónaí. Chuaigh tíortha agus bloic thrádála i ngleic leis an gcothromaíocht a aimsiú idir tionscail intíre a chosaint agus córas saorthrádála agus cóirthrádála a chothú.

## **A. An líon bacainní trádála & infheistíochta a cláraíodh faoin 31 Nollaig 2023**

Faoi dheireadh 2023, cláraíodh **423 bhacainn ghníomhacha maidir le rochtain ar an margadh**<sup>40</sup> i mbunachar sonraí Access2Markets an Choimisiúin in 62 thríú tír, i.e. 25 bhacainn níos lú ná an bhliain roimhe sin, nuair a cláraíodh 448 díobh. Tá sé seo mar thoradh


---

<sup>40</sup> Ag deireadh 2022, ba é 448 líon na mbacainní. In 2023, cláraíodh 16 bhacainn nua, agus réitíodh 21 bhacainn go hiomlán agus díchláraíodh 20 bacainn toisc go raibh siad imithe i léig, rud a d'fhág go raibh méid iomlán 423 bhacainn ann ag deireadh 2023.

ar chur chuige déach: bacainní atá ann cheana a chomhrac go gníomhach agus athbhreithniú inmheánach a dhéanamh chun deireadh a chur le bacainní atá as dáta agus nach dúshlán d'onnmhaireoirí an Aontais iad a thuilleadh.

Léirítear i bhFíor 3 thíos céatadán na mbacainní a cláraíodh ag deireadh 2023 de réir an chineáil comhaontaithe. Bhí níos lú bacainní cláraithe ag comhpháirtithe trádála fabhracha, go háirithe iad siúd a bhfuil comhaontú den dara glúin acu, ná mar a bhí ag comhpháirtithe trádála eile agus bhí líon na mbacainní seanbhunaithe níos ísle freisin.

**Fíor 3: Céatadán na mbacainní a cláraíodh de réir an chineáil comhaontaithe**




Ag féachaint ar **leathadh geografach na mbacainní** in 2023, tá an líon is mó díobh fós cláraithe sa **tSín** (33), sa **Rúis** agus san **India** (32 an ceann), agus i **Stáit Aontaithe Mheiriceá** (23) agus sa **Bhrasaíl** (19) ina dhiaidh sin. Is léiriú é sin ar an staid in 2022, ach amháin gur sháraigh an Bhrasaíl an Indinéis (17). Ina theannta sin, ar na tríú tíortha ag a raibh 10 mbacainn nó níos mó áiríodh an Tuirc (17), an Chóiré Theas (16), an Astráil (15), Meicsiceo (12), an Ailgéir (11), an Éigipt (11) agus an Mhalaeisia (10).

Ag féachaint ar na **cineálacha bacainní trádála**, bhí bearta SFS fós ar an gcatagóir is mó (95), a raibh 22 % de na bacainní uile i gceist leo. Ba é bearta bacainní teicniúla ar thrádáil (BTT) (78 mbacainn) agus bearta taraifí agus srianta cainníochtúla nó cuótaí (70 bacainn) a bhí ann dá héis sin. Le chéile, is leis na trí chatagóir sin de bhacainní trádála a bhain beagnach 57 % de na bacainní gníomhacha uile. In 2023, áfach, tháinig laghdú gearr ar dhá chatagóir,

mar atá taraifí agus srianta cainníochtúla (70 seachas 79 a cláraíodh sa bhliain roimhe sin) agus ‘bearta eile’<sup>41</sup> (28 i gcomparáid le 37 a cláraíodh ag deireadh 2022), agus laghdú seasta ar bhearta a bhaineann le SFS ó 2021 i leith (95 i gcomparáid le 99 in 2022). Tá méadú tagtha ar líon na gcánacha agus na srianta onnmhairiúcháin (20 i gcomparáid le 16 in 2022) i gcomparáid leis sin.

D’fhan líon na mbacainní cláraithe sna catagóirí eile réasúnta cobhsaí i gcomparáid le deireadh 2022.

#### Fíor 4: Cineálacha bacainní in 2023



#### B. Forbairtí maidir le bacainní trádála & infheistíochta in 2023

In 2023, tháinig méadú arís ar líon na mbacainní nua a cláraíodh den chéad uair ó 2020 i leith, cé go bhfuil a líon fós i bhfad faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh COVID.

| An cineál birt                                    | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---------------------------------------------------|------|------|------|------|
| SFS                                               | 13   | 2    | 3    | 3    |
| BTT                                               | 5    | 6    | 2    | 3    |
| Taraifí agus coibhéisí agus srianta cainníochtúla | 5    | 2    | 3    | 4    |
| Nósanna imeachta riaracháin                       | 5    | 1    | 0    | 4    |
| Seirbhísí & infheistíocht                         | 4    | 1    | 0    | 0    |
| Bearta eile <sup>42</sup>                         | 4    | 2    | 0    | 0    |
| CMI                                               | 1    | 0    | 2    | 0    |
| Soláthar poiblí                                   | 3    | 2    | 0    | 0    |
| Dleachtanna agus srianta                          | 1    | 0    | 0    | 2    |

<sup>41</sup> Áirítear ar na bearta eile bacainní a bhaineann le hionstraimí um chosaint trádála (ICT) agus le fóirdheontais agus bearta a bhfuil tionchar acu ar an iomaíochas.

<sup>42</sup> Áirítear ar na bearta eile bacainní a bhaineann le hionstraimí um chosaint trádála (ICT) agus le fóirdheontais agus bearta a bhfuil tionchar acu ar an iomaíochas.


|                   |           |           |           |           |
|-------------------|-----------|-----------|-----------|-----------|
| ar onnmhairí      |           |           |           |           |
| <b>Comhiomlán</b> | <b>41</b> | <b>16</b> | <b>10</b> | <b>16</b> |

Is éard a bhí sna cineálacha nua bacainní, **nósanna imeachta riaracháin** agus **taraifí agus a gcoibhéisí agus srianta cainníochtúla** (cláraíodh ceithre bhacainn nua le haghaidh gach cineáil), agus ina dhiaidh sin bhí **bacainní teicniúla ar thrádáil** (BTT) agus **bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta** (SFS). In 2023 bhí an líon bacainní SFS nua fós ag leibhéal measartha íseal (3), mar a bhí in 2022 freisin (3), agus in 2021 (2).

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, bhain formhór na mbacainní nua le hearnáil na **talmhaíochta agus an iascaigh**. Bhí méadú ag teacht freisin ar bhacainní cothrománacha a rinne difear do roinnt earnálacha.

| <b>An cineál earnála</b> | <b>Bacainní nua<br/>2022</b> | <b>Bacainní nua<br/>2023</b> |
|--------------------------|------------------------------|------------------------------|
| Talmhaíocht agus iascach | 5                            | 4                            |
| Cothrománach             | 3                            | 5                            |
| Fíonta agus biotáillí    | 1                            | 1                            |
| Tionscail eile           | 1                            | 1                            |
| Mótarfheithiclí          | 0                            | 2                            |
| Earraí cógaisíochta      | 0                            | 2                            |
| Mianadóireacht           | 0                            | 1                            |
| Seirbhísí                | 0                            | 1                            |
| <b>Iomlán</b>            | <b>10</b>                    | <b>16</b>                    |

#### **Fíor 5: Leathadh geografach na mbacainní nua in 2023**




Amhail in 2022, bhí Comharsanacht an Deiscirt ag barr an liosta i dtéarmaí bacainní nua (4), agus ina dhiaidh sin bhí Meiriceá Laidineach agus an Afraic (3), an Áise Theas agus Thoir Theas agus an Cianoirthear (2) agus Meiriceá Thuaidh agus Comharsanacht na hEorpa (1). Léirítear é sin freisin i líon na ngearán in aghaidh an réigiúin (féach fíor 5).

### C. Bacainní a réitíodh in 2023

In 2023, cuireadh deireadh le **41** bhacainn in **28 dtír chomhpháirtíochta**. Úsáideadh meascán de straitéisí agus ionstraimí éagsúla, lena n-áirítear rannpháirtíocht toscaireachta agus na coistí a cruthaíodh faoi **chomhaontuithe trádála déthaobhacha agus faoi EDT**.

Bhí 60 % de na bacainní a réitíodh in **earnáil na talmhaíochta agus an iascaigh**. Rinne ceithre cinn de na bacainní a réitíodh difear do tháirgí ar fud níos mó ná earnáil amháin, agus bhain trí cinn acu leis **an earnáil gluaisteán**. Tá an deighilt sin ina léiriú a bheag nó a mhór ar an staid a bhí ann in 2022.

**Fíor 6: An líon bacainní a réitíodh in aghaidh na hearnála (2023)**



I measc na mbacainní a réitíodh, bhí **bearta SFS (26) ar bharr an liosta** arís, rud a raibh tionchar dearfach díreach aige ar **earnáil bia** na hEorpa. Chomh maith le dul chun cinn maidir le **réigiúnú le comhpháirtithe CST, an tSeapáin agus an Chóiré Theas** (féach Roinn II.2 thuas), ba iad gníomhaíocht chomhbheartaithe idir an Coimisiún, na Ballstáit agus na hearnálacha lena mbaineann ba mhó a bhí taobh thiar de réiteach a fháil ar roinnt bacainní seanbhunaithe a bhí thar a bheith díobhálach i roinnt tríú tíortha eile.

- Mar shampla, **chuir an Araib Shádach deireadh le cosc ar tháirgí bó-ainmhithe, caorach agus gabhair ó gach tír den Aontas**, cosc a bhí spreagtha mar gheall ar **einiceifileapaite spúinseach bhólachta** agus a mhair fiche bliain, agus chuir an tSín deireadh tar éis 20 bliain le sriantacha den chineál céanna a raibh tionchar acu ar mhairteoil ón mBeilg agus ón bPolainn. Tá an tSín fós ar an margadh onnmhairiúcháin is mó ar domhan do mhairteoil, go háirithe mairteoil dhíchnámhaithe ó ainmhithe faoi bhun 30 mí d’aois.
- Chuir **an Indinéis deireadh le táillí agus cánacha iomarcacha** a gearradh ar allmhairí an Aontais, agus thug sí isteach struchtúr táillí trédhearcach cothrom le haghaidh seirbhísí coraintín atá ailínithe le caighdeáin idirnáisiúnta. Téann sé sin chun tairbhe go díreach d’onnmhairí tháirgí agraibhia an Aontais chuig an Indinéis ar fiú EUR 950 milliún in aghaidh na bliana iad. Bhain onnmhaireoirí earraí talmhaíochta chuig **an gColóim**, margadh onnmhairiúcháin ar fiú EUR 737 milliún in aghaidh na bliana é, tairbhe as **deireadh a chur le táillí iomarcacha** ar mheasúnuithe riosca ar tháirgí ainmhithe agus plandaí an Aontais, a raibh suas le EUR 3 000 an ceann i gceist leo.

- Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le moilleanna ar dhéileáil le hiarratais ar rochtain ar an margadh ó Bhallstáit aonair. Tar éis roinnt blianta, tá fáilte roimh tháirgí déiríochta na Slóvaice anois sa **Chóiré Theas**, cíobhaíonna Artacha na Fraince sna **Stáit Aontaithe**, agus táirgí muiceola na Fraince san **Astráil**. Is minic nach gcuirtear san áireamh leis na nósanna imeachta sin go ndéantar reachtaíocht maidir le cúrsaí SFS a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais.

Bhí sé cinn de na bacainní ar cuireadh deireadh leo ina **mbacainní teicniúla ar thrádáil (BTT)**, agus bhain dhá cheann acu le **taraifí gaolmhara agus a gcoibhéisí agus srianta cainníochtúla**.

- Chuir **Peiriú** deireadh le rialacha sriantacha lena rialaítear lipéadú earraí bia. Tar éis plé a dhéanamh i bhfochoiste BTT an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas agus na hAindéis, leasaigh Peiriú a reachtaíocht chun úsáid lipéadaithe ghreamaithigh ar tháirgí bia a cheadú ar feadh tréimhse éiginnte. Is mór an faoiseamh é sin d'onnmháireoirí an Aontais a onnmhairíonn bia próiseáilte agus deochanna neamh-mheisciúla chuig Peiriú, margadh ar fiú EUR 140-180 milliún in aghaidh na bliana é.
- Chuir an **Airgintín** deireadh le córas na gceadúnas allmhairiúcháin neamh-uathoibríoch - ceann de na bacainní is faide ar rochtain ar an margadh do ghnólachtaí an Aontais san Airgintín. Tá na Ballstáit ag tuairisciú cheana féin go bhfuil sé i bhfad níos éasca d'allmhairí teacht isteach sa tír leis an gcóras nua.
- D'éirigh leis an gCoimisiún Eorpach, agus é ag obair i gcomhar le **Rialtas na Seapáine** agus leis an earnáil phríobháideach, fadhb a leigheas de bharr ceanglais bhreise a chuaigh i bhfeidhm ar allmhairiú táirgí tréidliachta, go háirithe léitheoirí RFID ainmhithe (gléas aitheantais radaimhnicíochta).

Nuair a bhíonn an Coimisiún ag dul i ngleic le bacainní, téann sé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara an Aontais. Déantar é sin laistigh den **Chomhpháirtíocht um Rochtain ar an Margadh**, rud atá ina shnáithe lárnach fós den straitéis chun bacainní a chomhrac. Leis an gcomhpháirtíocht, tugtar le chéile an Coimisiún, na Ballstáit agus comhlachais ghnó an Aontais ar bhonn tráthrialta, i gcumraíochtaí difriúla. Measann Coiste um Beartas Trádála na Comhairle saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme agus le forfheidhmiú go tráthrialta freisin, lena n-áirítear saincheisteanna den sórt a bhaineann le bacainní tírshonracha chun an spreagadh agus an treoír a sholáthar agus an chomhthuiscint is gá a fhorbairt idir an Coimisiún agus na Ballstáit ar thosaíochtaí, ar an méid is gá a dhéanamh agus ar na háiteanna ar cheart iarrachtaí a dhíriú.

Le hobair na comhpháirtíochta roimh shainordú an Choimisiúin seo agus lena linn, **saoradh onnmhairí an Aontais go mór**. Ar an iomlán, taispeánadh le hanailís eacnaiméadrach a rinne Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, a bhuí leis an deireadh a cuireadh le roinnt bacainní idir 2018 agus 2022, go raibh onnmhairí ón Aontas in 2023 EUR 6,2 billiún níos airde ná mar a bheidís dá mba rud é go raibh na bacainní fós i bhfeidhm.

## **IV.2 Forfheidhmiú déthaobhach agus iltaobhach na ngealltanais trádála: díospóidí a réiteach**

Cé go leantar d'aghaidh a thabhairt ar fhormhór na mbacainní trí rannpháirtíocht dhéthaobhach leis an gcomhpháirtí trádála trí choistí CST nó coistí san Eagraíocht Dhomhanda Trádála, is gá fós, i gcásanna áirithe, bogadh chuig nósanna imeachta foirmiúla díospóide, faoi chomhaontú déthaobhach nó san Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Chuige seo, tá sé **ríthábhachtach i gcónaí an cumas a chaomhnú chun díospóidí a bhreithniú** idir páirtithe.

Go háirithe, chuidigh an **Comhshocrú Ilpháirtí maidir le hEadráin Eatramhach Achomhairc** (CIEEA) chomh maith le comhaontuithe eadrána achomhairc 'ad hoc' ó thaobh breithniú díospóidí ag EDT a chaomhnú d'ainneoin an bhaic a chuir na Stáit Aontaithe ar cheapacháin chuig Comhlacht Achomhairc EDT ó 2019 i leith. Tar éis aontú na nOileán Filipíneach i mí Bealtaine 2024, tá 54 as 164 chomhalta de EDT cumhdaithe anois ag na 26 rannpháirtí CIEEA. Eisíodh an chéad dámhachtain CIEEA i mí na Nollag 2022 in DS591 i gcás a thug an tAontas (*An Cholóim – Sceallóga Reoite*).

Tá **réiteach díospóidí** – cé go dtógann sé a chuid ama – fós ina bhealach tábhachtach do ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin an Aontais. Is bealach seanbhunaithe é atá dírithe ar rialacha chun díospóidí a réiteach seachas polaitiú neamhriachtanach. Tríd an smacht reachta a threisiú, déanann an córas um réiteach díospóidí an córas trádála níos sláine agus níos intuartha freisin.

Níor sheol an tAontas aon chás ionsaitheach nua in 2023 ach seoladh dhá chás nua i mí an Mheithimh 2024:

- An 14 Meitheamh 2024, thionscain an tAontas cás um **réiteach díospóide déthaobhaí** in aghaidh na **hAilgéire** faoin gComhaontú idir an Aontas agus an Ailgéir<sup>43</sup> agus d'iarr sé comhairliúcháin leis na húdaráis Ailgéaracha chun aghaidh a thabhairt ar roinnt fóirdheontas a forchuireadh ar onnmhairí agus infheistíochtaí ón Aontas, lena n-áirítear, i measc nithe eile, córas ceadúnúcháin allmhairiúcháin a bhfuil éifeachtaí coisc ar allmhairí aige; fóirdheontais atá ag brath ar ionchuir áitiúla a úsáid le haghaidh monarú gluaisteán; uasteorainn ar úinéireacht eachtrach do chuideachtaí a allmhairíonn earraí san Ailgéir agus toirmeasc ar earraí ceirmeacha agus marmair a allmhairiú. Trí na bearta sriantacha trádála sin a fhorchur ó 2021 i leith, is é tuairim an Aontais nach bhfuil a ghealltanais maidir le léirscaoileadh trádála faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Ailgéir á n-urramú ag an Ailgéir.
- An 26 Meitheamh 2024, d'iarr an tAontas comhairliúcháin um **réiteach díospóidí ag EDT** maidir leis an úsáid a bhaineann an **Téaváin** as critéir ábhair áitiúil le haghaidh tionscadail fuinnimh gaoithe amach ón gcósta (DS625, *an Téaváin – gaoth amach ón gcósta*). Dar leis an Aontas, níl critéir incháilitheachta agus dhámhachtana na Téaváine maidir le hábhar áitiúil i gceantanna leithdháilte acmhainneachta fuinnimh le haghaidh feirmeacha gaoithe amach ón gcósta comhsheasmhach lena gealltanais EDT gan idirdhealú a dhéanamh in aghaidh earraí agus seirbhísí allmhairithe.

---

<sup>43</sup> <https://circabc.europa.eu/ui/group/09242a36-a438-40fd-a7af-fe32e36cbd0e/library/46ce9fe8-838a-4d71-8dde-9f4cd9976d3e/details?download=true>

Le linn na tréimhse tuairiscithe, lean **taobh an Aontais d'fhorfheidhmiú dlíthiúil a ghíaráil** agus bhí sé in ann faoiseamh a fháil i roinnt cásanna. I gcás DS583 (*an Tuirc – an chógaíocht*), d'éirigh le díospóid EDT beartais na Turce maidir le logánú agus tosaíocht a thabhairt do tháirgí cógaíochta a aisiompú.

**San am céanna, ní hionann cás a bhuachan agus deireadh a chur láithreach** leis an mbeart nó an beartas sriantach. I gcásanna áirithe, féadfaidh tíortha comhpháirtíochta tabhairt faoi bhearta moillithe nó bearta a dhéanamh nach mbeidh comhlíonadh mar thoradh orthu. Sa chás sin, déanfaidh an Coimisiún na bearta is gá chun leasanna an Aontais a chosaint (i.e. imeachtaí comhlíontachta a sheoladh nó fiú machnamh a dhéanamh ar fhrithbheart) chun an brú a choinneáil ar bun chun a áirithiú go mbainfear bacainní. Is amhlaidh atá i gcás DS591 (*an Cholóim – Sceallóga reoite*) agus DS577 (*SAM – ológa aibí*) inar seoladh imeachtaí comhlíontachta (féach an fhaisnéis i Roinn I.1 thuas).

Ar deireadh, lean an Coimisiún d'iarrachtaí chun **cur chun feidhme iomlán rialuithe an phainéil a áirithiú** i bhfabhar an Aontais. Chun é sin a dhéanamh, tá leas iomlán á bhaint aige as na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil le scéim um réiteach díospóidí EDT agus le **Rialachán neartaithe an Aontais maidir le Forfheidhmiú**<sup>44</sup>. Le déanaí, bhí ar an Aontas aghaidh a thabhairt ar bhlocáil an bhreithnithe chríochnaithigh ar dhíospóidí laistigh de chóras EDT, e.g. cás DS592 (*an Indinéis - mian nicile*), cás ina ndearna an Indinéis achomharc chuig Comhlacht Achomhairc EDT neamhfheidhmiúil, agus cás DS582 (*TFC na hIndia – taraií ar tháirgí TFC*) ina ndearna an India achomharc den chineál céanna tar éis beagnach bliain idirphlé chun teacht ar réiteach. In 2023, sheol an Coimisiún an chéad chomhairliúchán poiblí maidir leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an Rialachán maidir le Forfheidhmiú in aghaidh na hIndinése, agus tá sé ag smaoineamh ar fhrithbhearta iomchuí comhréireacha a chur i bhfeidhm fad atá plé ar siúl leis an tír sin maidir le réiteach a d'fhéadfadh a bheith ann.

### IV.3 An Pointe Iontrála Aonair

Lean **an Pointe Iontrála Aonair** d'ardán aontaithe agus ionad ilfhreastail a sholáthar, rud a shimplíonn an próiseas do pháirtithe leasmhara chun bacainní a thuairisciú don Choimisiún agus próiseas éifeachtúil a chur ar bun chun measúnú a dhéanamh ar ghearáin. Leis an dul chun cinn a rinneadh in 2023, leagtar béim ar thiomantas an Aontais cuspóirí cóirtrádála agus inbhuanaitheachta a chur chun cinn trí phróisis chuíchóirithe agus trí rannpháirtíocht fheabhsaithe na bpáirtithe leasmhara.

#### Pointe Iontrála Aonair: Cén chaoi a n-oibríonn sé?

Is féidir gearáin a chur isteach trí na **foirmeacha ábhartha ar líne a chomhlánú** (foirm amháin le haghaidh saincheistanna maidir le rochtain ar an margadh agus foirm eile maidir le saincheistanna TFI/GSP), atá ar fáil ar Access2Markets<sup>45</sup>. Tá na foirmeacha sin ceaptha chun faisnéis leordhóthanach a sholáthar d'Ard-Stiúrthóireacht na Trádála chun an chéad mheasúnú


<sup>44</sup> [eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32021R0167](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32021R0167)

<sup>45</sup> <https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/ga/contact-form>

a dhéanamh ar an tsaincheist atá idir lámha agus bearta leantacha a mheas. I mí na Nollag 2023, rinne an Coimisiún/Ard-Stiúrthóireacht na Trádála athbhreithniú agus simpliú breise ar na treoirleá oibriúcháin le haghaidh an Phointe Iontrála Aonair<sup>46</sup> agus tháinig sé suas le hamlíne tháscach 120 lá oibre chun gearáin TFI a láimhseáil. Tugtar soiléirithe freisin i gcruinnithe réamhiarratais le gearánaigh ionchasacha agus i gcruinnithe ina dhiaidh sin a luaitear a fhaightear gearán. Is féidir leis an gCoimisiún gearán a oscailt freisin ar a thionscnamh féin ('ex officio') chun cásanna a shaothrú.

Mar a léirítear i bhFíor 7 thíos, fuarthas gearáin tríd an bPointe Iontrála Aonair faoi bhacainní a bhí roimh ghearánaithe in 20 thír chomhpháirtíochta, lena gcumhdaítear na réigiúin gheografacha uile. I gcomhréir leis an treocht a tugadh faoi deara in 2022, bhain an ceathrú cuid díobh le bacainní trádála líomhnaithe i gComharsanacht an Deiscirt (seacht mbacainn), síos ó 33 % in 2022. Tháinig beagnach an cúigiú cuid de na bacainní chun cinn san Áise Theas agus san Áise Thoir Theas agus san Eoraip agus i gComharsanacht an Oirthir, faoi seach, agus bhain 61 % de na gearáin uile leis na trí limistéar sin.

**Fíor 7: Gearáin a fuair an Pointe Iontrála Aonair in 2023, in aghaidh an réigiúin**



In 2023, **an tríú bliain iomlán** dá oibriocht, fuair an **Pointe Iontrála Aonair** 28 ngearán sheachtracha ó pháirtithe leasmhara an Aontais. Ba iad gnólachtaí an Aontais a rinne formhór mór na ngearán (24), i.e. sheol cuideachtaí an Aontais 16 ghearán, sheol comhlachais trádála Eorpacha sé ghearán, agus sheol comhlachais trádála náisiúnta dhá ghearán. Ba iad na Ballstáit a sheol an dá ghearán eile. Ina theannta sin, thosaigh an Coimisiún ag féachaint ar dhá ghearán ar a thionscnamh féin.

<sup>46</sup> [https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/ga/form-assets/operational\\_guidelines.pdf](https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/ga/form-assets/operational_guidelines.pdf)